comhairle chontae na mí
*meath county council*




# COMHAIRLE CONTAE NA MÍ

**Plean Gníomhaíochta don Aeráid**
**2024 - 2029**

THE GLOBAL GOALS

13 CLIMATE ACTION

Chuir an Rannóg um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae na Mí (CCM) an Plean Gníomhaíochta don Aeráid (PGA) seo le chéile i gcomhpháirtíocht le CARO Thoir agus Lár Tíre, Gníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae na Mí, an Coiste Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála faoi Pholasaí Straitéiseach agus baill thofa Chomhairle Contae na Mí.

Ullmhaíodh an PGA de réir Treoirlínte an Phlean Gníomhaíochta don Aeráid de chuid an Údaráis Áitiúil agus Soláthar Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide 2030.




**Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnú Cuí (AA):**

Ullmhaíodh an PGA de réir riachtanais na gcomhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) Rialachán 2011 agus Alt 6 den Treoir um Ghnáthóga 92/43/AE.

Tá próiseas an SEA agus AA a tugadh faoi i gcomhar le hullmhúchán an Phlean Gníomhaíochta don Aeráid i ndiaidh comhthathú agus breithniú go cuí ar cheisteanna comhshaoil le linn próiseas ullmhúcháin an Phlean Gníomhaíochta don Aeráid.

Tá an Tuarascáil Chomhshaoil SEA agus Scagadh AA mar aon leis an Tuarascáil Thionchar Nádúrtha ar fáil mar dhoiciméid dhealaithe go bhféadfaí a léamh i gcomhar leis an Phlean Gníomhaíochta don Aeráid.

# Réamhrá

Tá áthas orm Plean Gníomhaíochta don Aeráid CCM do 2024 go 2029 a chur in bhur láthair. Léiríonn an plean seo ár gcomhthiomantas chun gníomhú go misniúil agus claochlaitheach chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus chun todhchaí inmharthana a chinntiú sna glúnta amach romhainn. Ní neart go cur le chéile agus táimid den tuairim gur féidir linn ár spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach agus go mbeidh saol maith, ní ba sheasmhaí i ndán dúinn go léir.

Léiríonn ár bplean go bhfuil sé i gceist againn teagmháil a dhéanamh lenár gcuid saoránach, gnólachtaí agus páirtithe chun iad a spreagadh chun ról gníomhach a ghlacadh i ngníomhaíocht don aeráid. Soláthróimid cláir nuálacha agus comhpháirtíochtaí a chumasaíonn ceannaireacht inár bpobail chun todhchaí ní b'inmharthana a chruthú.

Aithnímid, mar oifigigh thofa, an fhreagracht atá orainn chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar bhuiséid i dtaca leis an aeráid, chun deimhniú go cruthaímid todhchaí shábháilte agus chothrom do gach duine inár gContae. Tá a fhios againn gur freagracht roinnte é dul i ngleic le hathrú aeráide, agus is féidir linn go léir difríocht a dhéanamh de réir mar a n-athraímid ár slí maireachtála, ár gcuid oibre agus ár gcuid siamsaíochta.

Tá comhoibriú ríthábhachtach agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin seo le chéile. Ní féidir le duine aonair nó le heagraíocht aonair éigeandáil na haeráide a réiteach ar leithligh; tá iarracht chomhchoiteann agus aontacht ag teastáil. Ach is fiú cuimhneamh go mbeireann gníomhaíocht ar son na haeráide deiseanna chun fáis, nuálaíochta agus caighdeáin na beatha níos fearr. Agus muid ag bogadh i dtreo gheilleagar ísealcharbóin is féidir linn fuinnimh inathnuaite, teicneolaíochtaí glasa agus cleachtais inbhuanaithe a chothú. Bhéarfaidh sé seo todhchaí rachmasach agus chóir ar mhaithe linn go léir.

Molaim go speisialta daoibh am a chur ar leataobh chun breathnú ar an Phlean Gníomhaíochta don Aeráid agus a bheith páirteach linn san iarracht chinniúnach seo chun todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a chruthú do Chontae na Mí. Tugaimís faoi na dúshláin atá romhainn le chéile le díograis agus le diongbháilteacht. Beidh deacrachtaí mar chuid den turas, ach le tacaíocht ón phobal, táimid tiomanta go n-éireoidh linn. Bímis inspioráideach, ceannródaíoch agus muid ag gníomhú ar mhaithe le todhchaí a bheidh mar chúis bhróid dúinn go léir.

**Cathaoirleach**
**Chomhairle Contae na Mí**

**Cllr. Tommy Reilly**



Is ardán é an Plean Gníomhaíochta don Aeráid do 2024 go dtí 2029 ina léirítear an tiomantas daingean atá ag CCM chun áit, ionad oibre agus áit chuartaíochta a chruthú.

Tuigimid mar eagraíocht, an tábhacht a bhaineann le ceannaireacht a léiriú, agus táimid réidh le dul i ngleic leis na dúshláin shuntasacha a bhaineann le laghdú astaíochtaí 51% agus le méadú 50% dár n-éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Ach ní shin deireadh lenár dtiomantas. Táimid tiomanta chun timpeallacht a chruthú ina gcothaítear athrú iompraíochta ag leibhéal an phobail trí infreastruchtúr taistil ghníomhach, tithíocht shóisialta athfheistithe agus tograí geilleagar ciorclach.

Ni bhaineann an plean seo le caighdeán maireachtála níos fearr amháin a bhaint amach do mhuintir Chontae na Mí. Tá béim s'againn dírithe ar ghníomhú chun muid a bhogadh i dtreo thodhchaí agus muid a threorú chun neodracht charbóin a bhaint amach ar fud an Chontae faoi 2050. Soláthraíonn ár naoi gCrios Dícharbónaithe cur chuige cóir agus cothrom chun astaíochtaí a laghdú, a bheidh ag feidhmiú mar thograí gníomh éagsúla ar son na haeráide chun smaointe nua a thástáil. Agus muid ag roinnt ár gcuid taithí agus ag cur cleachtais neamhdhíobhálacha don aeráid i bhfeidhm fud fad an Chontae, is féidir linn geilleagar aeráidneodrach ní ba sheasmhaí a chruthú atá bithéagsúil agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chuireann nósanna maireachtála níos folláine agus forbairt gheilleagrach chun cinn.

BTá ról lárnach le glacadh ag gnólachtaí agus ag daoine aonaracha araon chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú. Is féidir le gnólachtaí tionchar timpeallachta s'acu a laghdú trí chleachtais tíosach ar fhuinneamh a chur i bhfeidhm, ag infheistiú san fhuinneamh inathnuaite, ag laghdú dramhaíola agus ag baint úsáid as ábhair inmharthana. Is féidir le daoine aonaracha a bheith páirteach ach ídiú fuinnimh agus uisce a laghdú, iompar poiblí a úsáid, dramhaíl a laghdú agus athchúrsáil a dhéanamh. Agus na gníomhartha seo ar bun is féidir le gnólachtaí agus le daoine aonaracha cuidiú le todhchaí níos inmharthana a chruthú. Ina theannta sin, is féidir leis an phobal tacú le gníomh ar son na haeráide ach tacaíocht a thabhairt do bheartais agus tograí na Comhairle a chuireann inbhuanaitheacht chun cinn agus a dhéanann astaíochtaí a laghdú.

Is féidir linn le chéile, tionchar dearfach a chruthú agus saol maith, níos inbhuanaithe a thógáil. Beidh turas dúshlánach amach romhainn, ach le tacaíocht phobal na Mí, táimid tiomanta go n-éireoidh linn.

**Príomhfheidhmeannach**
**Comhairle Contae na Mí**

**Kieran Kehoe**



# Clár

1.0 Achoimre Fheidhmiúcháin ........ 1

2.0 Brollach ........ 3

2.1 Cuspóir an Phlean Gníomhaíochta ar son na haeráide ........ 3

2.1.1 Struchtúr an Phlean Gníomhaíochta ar son na haeráide ........ 5

2.2 Deiseanna de Ghníomhú ar son na haeráide ........ 6

2.3 Pleanáil Ghníomhú ar son na haeráide Chomhairle Contae na Mí ........ 7

2.4 Scóip Chomhairle Contae na Mí & Ról i nGníomhú ar son na haeráide ........ 9

2.4.1 Scóip Chomhairle Contae na Mí ........ 9

2.4.2 Rialú Timpeallachta ........ 10

2.4.3 Ról aeráide Chomhairle Contae na Mí ........ 12

2.5 Maoiniú ........ 13

2.6 Comhoibriú ........ 13

3.0 Achoimre ar Reachtaíocht agus Beartas Athrú Aeráide ........ 15

3.1 Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartas Aeráide ........ 17

3.1.1 Beartas Athrú Aeráide Idirnáisiúnta ........ 17

3.1.2 Beartas Athrú Aeráide na hÉireann ........ 18

4.0 Bunlíne Fianaise ........ 19

4.1 Measúnú ar Riosca i dtaca le hAthrú Aeráide ........ 19

4.2 Liosta Bunlíne Astaíochtaí (BEI) ........ 22

5.0 Criosanna Dícharbónú ........ 26

5.1 An Uaimh ........ 30

5.2 Cill Dhéagláin ........ 34

5.3 Baile Átha Troim ........ 38

5.4 An Inse/ Baile an Bhiataigh ........ 42

5.5 Ceanannas Mór ........ 46

## Clár

5.6 Dún Búinne....50

5.7 Ráth Tó....54

5.8 Dún Seachlainn....58

5.9 Damhliag....62

6.0 Gníomhú ar son na hAeráide....67

6.1 Pleanáil Chur Chun Feidhme....67

6.2 Creat ar Ghníomhú ar son na hAeráide....67

6.3 Monatóireacht....83

7.0 Tuairisciú....84

7.1 Tuairisciú Inmheánach....84

7.2 Plean Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide....84

7.3 Feidhmiú Earnála....84

Gluais....85

Liostáil Figiúr, Tábla agus Cairt....88

Acmhainní agus Tagairtí....92

## Acrainm

| Acrainm | Leagan Iomlán |
|---|---|
| BEI | Liosta Bunlíne Astaíochtaí |
| BER | Rátáil Fuinnimh Foirgnimh |
| CAP | Plean Gníomhaíochta don Aeráid (PGA) |
| CAROs | Oifigí Réigiúnacha Ghníomhú ar son na hAeráide |
| CCMA | Comhar Bainistíochta Chontae agus Cathrach |
| CCRA | Measúnú Riosca Athrú Aeráide |
| CH4 | Meatán |
| CO2 | Dé-ocsaíd charbóin |
| $CO_2$eq | Coibhéis Dé-ocsaíd charbóin |
| DZ | Crios Dícharbónú |
| EPA | An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| F-gases | Gás Fluairínithe |
| GAA | Cumann Lúthchleas Gael |
| GHG | Gás Teasa Cheaptha |
| IPCC | An Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide. |
| kt | Cileathonna |
| kWh | Cileavata uaireanta |
| LA | An tÚdarás Áitiúil, i.e. Comhairle Contae na Mí |
| LULUCF | Úsáid Talún, Athrú Úsáid Talún & Foraoiseacht |
| M&R | Monatóireacht agus Tuairisciú |
| MCC | Comhairle Contae na Mí (CCM) |
| m2 | Méadar Cearnach |
| N2O | Ocsaíd Nítriúil |
| PRTR | Clár ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán |
| RCP | Conairí Tiúchana Ionadaíocha |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| t | tona |
| UN SDGs | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe |

## 1.0 Achoimre Fheidhmiúcháin

Tá ár n-aeráid ag athrú ar nós threochtaí domhanda, tá an teocht ag éirí ní ba theo agus ba iad na hocht mbliana deiridh ar na cinn ba theo riamh. De bharr mheánteochtaí níos airde, bíonn eachtraí aimsire níos déine ann, triomaigh, teaspaigh, stoirmeacha gaoithe ina measc agus mar thoradh air sin tá ceantar an udaráis áitiúil níos leochailí agus tá sé níos oscailte do thionchar athrú aeráide.

Tá an Plean Gníomhaíochta don Aeráid seo 2024 – 2029 curtha le chéile ag CCM, chun Contae ina bhfuil ísealcharbóin agus aeráid-díonach á gcruthú, ach dea-chleachtas maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide a chur chun cinn, ag an leibhéal áitiúil.


Tá sé seo ag teacht le Cuspóir Náisiúnta Aeráide an Rialtais, atá ag iarraidh go mbeidh rath air, tráth nach déanaí ná 2050, athrú go dtí aeráid-díonach, mórán bithéagsúlachta, inbhuanaitheacht ó thaobh timpeallachta de agus geilleagar aeráid-neodrach. Tá uaillmhian aeráide na hÉireann atá ceangailteach ó thaobh dlí san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030. Cuirfidh sé seo an Tír ar threocht chun a bheith aeráid-neodrach faoi dheireadh 2050, agus bainfear an sprioc seo amach trí shraith Pleananna Náisiúnta Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

Mar chuid d'fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide tá Measúnú Riosca Athrú Aeráide faoi chúram CCM agus tá Liosta Bunlíne Astaíochtaí curtha le chéile don Chontae agus do na naoi gCrios Dícharbónú.

Tá sé aitheanta sa Mheasúnú Riosca Athrú Aeráide cad iad na tionchair atá ann faoi láthair sa Chontae agus ar dóichí a bheidh ann sa todhchaí.

Sna Liostaí Bunlíne Astaíochtaí tugtar measúnú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na Comhairle, Chontae na Mí agus do gach ceann de na naoi gCrios Dícharbónú. Tugann na measúnuithe seo bunús fianaise le haghaidh forbairt ar ghníomhaíochtaí áit bhunaithe.

**Seo a leanas na spriocanna atá i bPlean Gníomhaíochta don Aeráid CCM:**




*Figiúr 1: Spriocanna Phlean Gníomhaíochta Aeráide CCM*

Sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide seo áirítear réimse gníomhartha maolaitheacha athrú aeráide atá dírithe ar astaíochta gás cheaptha teasa ar fud an Chontae a laghdú. Baineann na gníomhartha sin ar a bhfuil freagracht ag an Chomhairle maidir lena cuid foirgneamh féin, oibríochtaí, seirbhísí agus feidhmeanna; agus gníomhartha ina mbeidh an Chomhairle in ann tionchar a bheith aici, chun comhordú, éascú agus labhairt ar mhaithe le gníomhú aeráide.

**Tá na gníomhartha bunaithe ar chúig réimse téamacha agus ina measc tá:**



Rialachas & Ceannaireacht

Timpeallacht Thógtha agus Iompair

Timpeallacht Nádúrtha & Bonneagar Glas

Pobail: Teacht Aniar & Athrú

Inbhuanaitheacht & Bainistiú Acmhainní

*Figiúr 2: Réimsí Téamacha*

Tá go leor tairbhí breise sna gníomhartha, sláinte agus saol maith ina measc, tairbhí sóisialta, timpeallachta agus eacnamaíocha, atá aitheanta sa PGA.

Tá naoi gCrios Dícharbónú aitheanta chun cuir chuige áit bhunaithe agus smaointeoireacht chóras a fhorbairt chun treo a aithint a thacaíonn le cur chun feidhme birt maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide agus a bheidh mar thrialacha sábháilte ar son réimse beart ar mhaithe leis an athrú aeráide a mhaolú, a oirniú, agus bithéagsúlacht i gceantair sainaitheanta.

Cuirfear an plean i bhfeidhm i ngach rannóg sa Chomhairle, agus déanfaidh Roinn Gníomhaithe ar son na hAeráide ar leith é a chomhordú. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhpháirt le réimse de na príomhpháirtithe leasmhara, saoránaigh, agus pobail chun tacú leis an PGA a bhaint amach. Bhéarfaidh an Roinn Gníomhaithe ar son na hAeráide tacaíocht agus déanfaidh sí monatóireacht ar chur chun feidhme na ngníomhartha agus déanfaidh sí tuairisciú agus measúnú ar an Phlean gníomhaíochta don Aeráid a chomhordú.

Cuirfear tuairiscí ar fáil nuair is gá don Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, Timpeallacht agus Seirbhísí Éigeandála agus beidh tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Déanfar an Plean a uasdátú gach cúig bliana.

**Fís**

**Tá sé mar aidhm ag An Mhí a bheith aeráid-díonach, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus mar gheilleagar aeráidneodrach a thacaíonn le saol folláin agus fás poist.**

**Misean**

**Tá CCM tiomanta chun an Beartas Náisiúnta Aeráide a aistriú go dtí gníomhartha áitiúla trí theagmháil ionchuimsitheach, neartú acmhainní agus cheannaireacht do mhuintir Chontae na Mí.**

## 2.0 Réamhrá

### 2.1 Cuspóir an PGA


Tá an PGA curtha le chéile ag CCM chun Contae ísealcharbóin agus aeráid-díonach a chruthú trí dhea-chleachtas maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide ag an leibhéal áitiúil a chur ar fáil agus a chur chun cinn.

Tá an PGA seo nasctha le Cuspóir Náisiúnta an Rialtais atá ag iarraidh a bheith aeráid-díonach, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus mar gheilleagar aeráidneodrach tráth nach déanaí ná deireadh 2050. Tá sé seo leagtha amach san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 ina bhfuil uaillmhian na hÉireann atá ceangailteach ó thaobh dlí chun laghdú 51% d'astaíochtaí gás teasa cheaptha a bhaint amach faoi 2030, rud a bhéarfaidh deis don tír neodracht aeráide a bhaint amach faoi dheireadh 2050. Mar chuid d'ullmhúchán an PGA tugtar san áireamh reachtaíocht aeráide chuí eile, beartais, agus pleananna, measúnú riosca ar athrú aeráide agus bunlíne measúnú ar athrú aeráide a mhaolú, ag leibhéal Chontae agus atá mar chuid den PGA seo.

De réir an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 éilítear go sonrach ar gach udarás áitiúil in Éirinn PGA a ullmhú mar gheall ar spriocanna naisiúnta aeráide agus fuinnimh, ag tabhairt faoi bhearta maolaithe agus oiriúnaithe araon.

- Baineann maolú leis an bhealach go mbímid ag maireachtáil, ag taisteal, ag ídiú agus ag monarú, ionas go mbeidh deis ann chun táirgíocht gás teasa cheaptha dhíobhálacha a laghdú agus/nó deireadh a chur leo, agus áirítear an bealach is fearr inar féidir leas a bhaint as an talamh.

- Baineann oiriúnú le tionchair athraithe aeráide agus tabhairt faoi ghnímh phraiticiúla chun rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus teacht aniar an gheilleagair a láidriú (m.sh. ó fhuarlaigh, ardú leibhéil na farraige 7rl).




*Figiúr 3: Bearta Maolaithe agus Oiriúnaithe Gníomhú Aeráide*

**De réir an PGA seo leagtar amach treoir chinnte le haghaidh Chontae na Mí chun:**

- Beartas Náisiúnta Aeráide a chur in oiriúint do riachtanais áitiúla le tosaíocht agus dlús ar bheartais atá fianaise-bhunaithe
- Tacú leis an chuspóir aeráid-neodrach a bhaint amach ag an leibhéal áitiúil
- Criosanna Dícharbónú (DZ) a aithint agus a bhaint amach i gceantar riaracháin Chontae na Mí a fheidhmeoidh mar thrialacha sábháilte ar réimse beartas maolaithe, oiriúnuithe agus bithéagsúlachta i gceantar sainaitheanta, trí thionscadail agus torthaí a aithint a thacóidh leis an Chuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach.

Tá CCM tiomanta chun gníomhú aeráide a chur i mbéal an phobail mar gheall ar oibríochtaí agus feidhmeanna na Comhairle féin, agus ról ceannródaíoch a léiriú i dtaca le gníomhú aeráide, ag an leibhéal áitiúil.

Tá an PGA ag brath ar fhaomhadh ó bhaill thofa CCM i ndiaidh tréimhse comhairliúcháin poiblí. Leagann an PGA amach an bealach a bheidh CCM freagrach as aeráid-díonadh a fheabhsú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus astaíochtaí gás teasa cheaptha a laghdú, i dtaca lena cuid acmhainní, seirbhísí agus bonneagar féin, a bhfuil sí freagrach astu, mar aon le ról níos leithne chun tionchar a bheith aici, tacaíocht a thabhairt d'earnalácha eile agus iad a éascú, chun na cuspóirí agus na huaillmhianta seo a bhaint amach. Tá sé seo riachtanach ionas go mbainfear amach na tairbhí timpeallachta, sóisialta agus geilleagair a bhaineann le gníomhú aeráide. Leanfaidh an Chomhairle léi chun tabhairt faoi thionscadail uaillmhianacha aeráide a chur i bhfeidhm, maoiniú a aimsiú, teagmháil a dhéanamh le saoránaigh agus leis na páirtithe leasmhara, agus é seo ar fad mar chuid de chreat bheartas chomhleanúnaigh.

De bharr athraithe aeráide, tá sé mar aidhm a bheith cosantach in aghaidh gach féidearthacht sa todhchaí, agus deis a thabhairt do phobail áitiúla a bheith faoi bhláth agus tabhairt faoi réitigh a bhfuil ciall ionchuimsitheach, cothrom agus inaimsithe iontu do gach éinne. Tá Snáithe 1 den Chiste Gníomhú Aeráide seolta ag CCM – Ag Tógáil Pobal Ísealcharbóin, agus is ciste é seo a thacaíonn le pobail chun pobail ísealcharbóin a thógáil.

Tá réimse phleananna eile ann chun tacú leis an Phlean seo, lena n-áirítear Plean Corparáideach na Comhairle, Plean Forbartha Chontae na Mí 2021 – 2027 agus Pleananna Limistéir Áitiúil. Chomh maith leis sin, tá nasc idir an phlean seo agus an bheartas aeráide reatha sa Chontae, ina measc an Chairt um Ghníomhú Aeráide agus an Straitéis um Ghníomhú Aeráide 2019.

**2.1.1 Struchtúr an PGA**

Tá an PGA ullmhuithe i gcomhréir le Treoirlínte PGA an Údaráis Áitiúil, a d'fhoilsigh An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i Márta 2023. Mar chuid d'ullmhúchán an PGA seo tá measúnú riosca athrú aeráide curtha le chéile ag CCM mar aon le liosta bunlíne astaíochtaí ag leibhéal an Chontae agus na gCrios Dícharbónaithe.

Is uirlís é an PGA seo chun gníomhartha oiriúnuithe agus maolaithe dearfacha a chur chun cinn ar fud CCM agus an Limistéir Riaracháin. Mar chuid de na gníomhartha aeráide atá sa phlean, tá socrú ghníomhartha aeráide taobh istigh de struchtúr sainithe a chinntíonn ailíniú idir ghníomhaíochtaí ar an talamh agus fhís an phlean.

**Tá seacht bPríomh theideal sa PGA:**

1. Achoimre Fheidhmiúcháin
2. Réamhrá
3. Léargas ginearálta ar Athrú Aeráide
4. Reachtaíocht agus Beartais
5. Bunlíne Fianaise
6. Criosanna Dícharbónú (DZ)
7. Gníomhaíocht ar son na hAeráide

**Chun tacú le gníomhartha an phlean seo**

Chun tacú le gníomhartha an phlean seo tá bunús láidir fianaise ann atá bunaithe ar an eolas is déanaí eolaíochta, sonraí i dtaca le hastaíochtaí, measúnuithe riosca agus leochaileachta agus measúnuithe comhshaoil. Tá trí iarscríbhinn mar chuid den PGA seo a chuireann eolas sainiúil ar fáil maidir le measúnuithe fianaise agus comhshaoil:

**Iarscríbhinn 1 -** Measúnú Riosca Athrú Aeráide (CCRA)
**Iarscríbhinn 2 -** Liosta Bunlíne Astaíochtaí (BEI)
**Iarscríbhinn 3 -** Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus Tuairisc Thionchar Nádúrtha (AA)




**2.2 Deiseanna a bhaineann le Cur chun feidhme Ghníomhaithe Aeráide**

Maidir le deiseanna a bhaineann le Cur chun feidhme Ghníomhaithe Aeráide den PGA do Chontae na Mí beidh infheistiú nua ag teastáil a chuireann iliomad comthairbhe ar fáil, leithéidi saol maith feabhsaithe agus cáilíocht maireachtála, agus d'fhéadfadh deiseanna nua gnó agus fostaíochta a bheith ann.

Chomh maith le hastaíochtaí gás teasa cheaptha (GHG) a laghdú agus aeráid-díonadh a mhéadú, tá na gníomhartha atá molta ag tacú ar bhealach shineirgíochta le cuspóirí eile CCM, leithéid forbairt eacnamaíoch fheabhsaithe, soláthar seirbhísí agus uilechuimsitheacht shóisialta. Ina éagmais sin, tugann an PGA tacaíocht d'úsáid éifeachtach agus éifeachtúil na n-acmhainní chun seirbhís cháilíochta a chur ar fáil, agus luach an airgid a fháil agus ceannaireacht shoiléir, éifeachtúil, dhaonlathach agus phoiblí a sholáthar.

Is féidir uasmhéadú na gcomhthairbhe agus na ndeiseanna a bhaint amach i gcomhar le cur chun feidhme éifeachtúil an PGA. Is é an chéad chéim atá ann chun pobail a chumasú ná tuiscint ar na comhthairbhí agus deiseanna ba thábhachtaí dóibh agus an t-eolas seo a úsáid mar bhunús chun tionchar a bheith aige ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme an PGA. Leagann gach cuspóir straitéiseach atá sa phlean seo na comhthairbhí gur féidir a bhaint amach.




*Figiúr 4:Comhthairbhí Gníomhú Aeráide*

## 2.3 Pleanáil Ghníomhú Aeráide Chomhairle Contae na Mí

Láidríonn an PGA seo an nasc idir Bheartas Aeráide Náisiúnta agus Áitiúil agus sholáthar gníomhú éifeachtúil athrú aeráide ag an leibhéal áitiúil agus pobail, trí ghníomhú aeráide atá áit bhunaithe. Bhéarfaidh ullmhúchán agus cur chun feidhme an Phlean seo deis chun na príomh pháirtithe leasmhara sna pobail agus sna gnólachtaí a thabhairt le chéile chun fís na haeráide neodraí sa todhchaí a bhaint amach.

Tá forbairt na gcuspóirí agus na ngníomhartha an PGA bunaithe ar phrionsabail threorach.

| Uaillmhianach | Príomhshruthú | Fianaise-bhunaithe | Fócas ghnímh |
|---|---|---|---|
| Ról i dtaca le gníomhú aeráide CCM a bhaint amach mar chuid den Chuspóir Náisiúnta Aeráide. | Tá cinntí CCM aeráid-díonach agus aithnítear deiseanna chun dul i ngleic le hathrú aeráide in oibríochtaí agus seirbhísí na Comhairle. | Tá gníomhartha bunaithe ar eolas eolaíoch uasdátaithe, sonraí astaíochtaí agus riosca aeráide, eolas áitiúil agus fianaise chun tacú leis an phróiseas cinnteoireachta. | Baineann gníomhartha cuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe amach agus tá siad mar chuid lárnach d'fhreagrachtaí CCM ag an leibhéal riaracháin agus pobail. |
| **Rannpháirtíoch** | **Trédhearcach** | **Tacúil** | **Cóir** |
| Ionchuimsitheacht, comhordú, agus comhoibriú mar chuid den phróiseas ghníomhú aeráide ina bhfuil réimse leathan pháirtithe leasmhara. | Teagmháil ionchuimsitheach agus chomhoibríoch faoin phróiseas ghníomhú aeráide a thacaíonn le monatóireacht agus tuairisciú. | Déantar teagmháil le pobail agus tugtar tacaíocht agus spreagadh dóibh chun a bheith gníomhach ó thaobh na haeráide de. | Tá "athrú cóir" mar chuid lárnach den phróiseas ghníomhú aeráide agus tá gach duine páirteach ann |

*Tábla 1: Prionsabail threoracha*

Mar chuid de ghníomhú éifeachtúil a chur i bhfeidhm go daingean, glacann CCM le treoir ó Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) an NA chun gríosú maidir leis an aeráid. Baineann gach ceann de na 17 SDG le tionchair agus deiseanna i dtaca le hathrú aeráide, go mór mór SDG 13 (Gníomhaíocht ar son na haeráide).

Bhéarfaidh na hidirspleáchais idir SDG agus PGA athrú claochlaitheach agus intomhaiste, a bhéarfaidh cumasú agus gríosú gníomhaíochtaí mar gheall ar mhaolú agus oirniú. Tá gach gníomhaíocht atá molta i Mír 6.0 den Phlean seo nasctha leis na SDG seo.




**1 NO POVERTY**

Athrú cóir a bhaint amach i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste de bharr tionscadal dícharbónú.

**2 ZERO HUNGER**

Tacú le táirgeadh talmhaíochta agus tionscnaimh córais inbhuanaithe táirgthe bia.

**3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING**

Na comhthairbhí a bhaineann le hathrú aeráide a chur chun cinn chun sláinte agus an saol maith a fheabhsú.

**4 QUALITY EDUCATION**

Eolas agus feasacht a bhaineann le heisiúintí athrú aeráide agus freagraí a mhéadú.

**5 GENDER EQUALITY**

Cothromas a chinntiú maidir le soláthar tionscnaimh a bhaineann le feasacht aeráide.

**6 CLEAN WATER AND SANITATION**

Tacú le comhlíonadh rochtain uilíoch chothrom ar uisce óil sábháilte a bhaint amach do chách.

**7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY**

An t-athrú chuig glan-nialasach i gContae na Mí a threorú agus a chumasú.

**8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH**

Deiseanna eacnamaíocha a úsáid agus tacú leis an athrú go dtí geilleagar ionchuimsitheach, glan-nialasach agus ciorclach.

**9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE**

Bonneagar athléimneach a thógáil, gníomhaíochtaí eacnamaíocha ionchuimsitheacha agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú.

**10 REDUCED INEQUALITIES**

Cothromas a chinntiú maidir le seachadadh gníomhú aeráide taobh istigh de limistéar CCM.

**11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES**

Tacú le tionscnaimh agus seirbhísí le go mbeidh An Mhí mar Chontae ionchuimsitheach, sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe.

**12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION**

An t-athrú go dtí geilleagar ciorclach glas a chumasú ina bhfuil pátrúin inbhuanaithe maidir le tomhaltas agus táirgeadh.

**13 CLIMATE ACTION**

Aeráid athléimneach, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus geilleagar carbóin-neodrach a threorú, a chumasú agus a ghríosú i gContae na Mí.

**14 LIFE BELOW WATER**

Tacú le bainistiú inbhuanaithe agus cosaint ar aibhneacha, na héiceachórais muirí agus cósta chun tionchair shuntasacha a sheachaint, ina n-áirítear athléimneacht a láidriú.

**15 LIFE ON LAND**

Éiceachórais inbhuanaithe agus bithéagsúlacht a chosaint, a athbhunú agus a chur chun cinn.

**16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS**

Tionscnaimh inbhuanaithe taobh istigh de limistéar CCM a sheachadadh, agus a bheith freagrach agus ionchuimsitheach ag gach leibhéal.

**17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS**

Rialachas, ceannaireacht agus páirtnéireachtaí i dtaca le hathrú aeráide a chothú trí chumarsáid, theagmháil agus rannpháirtíocht.

*Figiúr 5: Nasc Chuspóirí Forbartha Inbhuanaithe le hAthrú Aeráide*


## 2.4 Scóip agus Ról CCM maidir le Gníomhaíocht ar son na hAeráide

### 2.4.1 Scóip CCM

Is é an tÚdarás Áitiúil an príomh ghníomhaí maidir le cur chun cinn beartas aeráide ag an leibhéal áitiúil. Cuideoidh an PGA seo chun dul i ngleic, ar bhealach chomhtháite, le maolú ar astaíochtaí gás teasa cheaptha, bearta athraithe i dtaca le hathrú aeráide a chur i bhfeidhm, agus an t-ailíniú idir Bheartas Náisiúnta Aeráide agus seachadadh ar ghníomhú ar son na haeráide áitiúil éifeachtúil a láidriú.

Beidh CCM dírithe ar fhócas inmheánach (eagraíochtúil) agus seachtrach (pobal) chun athléimneacht a thógáil in aghaidh thionchar dhiúltacha athrú aeráide agus chun dul i ngleic le cúiseanna athrú aeráide. Tá na húdaráis áitiúla freagrach as thart fá 1.1% de na hastaíochtaí san earnáil phoiblí. Tá CCM freagrach as agus tá údarás aici ar bhainistiú agus laghdú a dhéanamh ar a cuid astaíochtaí féin, de réir na sprice 51% a bhaineann le 2030 agus an turas i dtreo na sprice le bheith aeráid-neodrach faoi 2050.

Tá an PGA seo ag breathnú ar an ról níos leithne maidir le tionchar a bheith aige ar dhaoine eile agus á n-éascú chun a gcuid spriocanna a bhaint amach. San fhigiúr thíos léirítear réimse tionchair CCM maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide.




*Figiúr 6: Réimse thionchair CCM maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide*

### 2.4.2 Rialachas Comhshaoil

Tá ról lárnach ag Rialachas Comhshaoil maidir lenár n-éiceachórais agus acmhainní nádúrtha a chosaint. Déanfaidh CCM cinnte de go mbeidh a beartais, rialacháin agus a cinntí maidir leis an chomhshaol ann agus go mbeidh inbhuanaitheacht, riachtanais na bpobal agus cosaint an chomhshaoil san áireamh i gcónaí. Is meicníochtaí tábhachtacha iad na próisis Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA) chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil cosaint thimpeallachta agus bainistiú um chaomhnú dúlra comhtháite i bhforbairt agus cur chun feidhme an PGA.

**Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) an AE**

De réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) an AE tá PGA an Údaráis Áitiúil faoi réir chomhlíonadh na Treorach SEA (Treoir 2001/42/CE) ó thaobh éifeachtaí na measúnachta i dtaca le pleananna agus cláir áirithe maidir leis an chomhshaol. Is é SEA an próiseas ina bhfuil gá go dtabharfar aird ar thábhacht an chomhshaoil ionas go mbeifí comhtháite in ullmhúchán na bpleananna agus na gclár atá á bhforbairt ag údaráis áitiúla sula nglactar leo. Is é an SEA an mheastóireacht fhoirmeálta agus chórasach maidir leis na féidireachtaí go bhféadfaí a bheith ann agus aon phlean nó clár á chur chun feidhme maidir leis an chomhshaol. De réir an Chomhphobail Eorpaigh (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) 2004 (S.I. Uimh. 435 i 2004), mar a leasaíodh faoi réir S.I. Uimh. 200 i 2011 tugtar éifeacht do thrasuí na Treorach SEA go dtí dlí na hÉireann.
Ar mhaithe le comhlíontacht na Treorach SEA, tá dualgas ar gach údarás áitiúil mar an 'údarás inniúil' tabhairt faoi mheasúnacht chomhshaoil ar na tionchair shuntasacha ar dhócha ar an timpeallacht mar thoradh ar chur chun feidhme an PGA de réir na bhforálacha sna rialacháin thuasluaite.

Is é an tuairim atá ann maidir leis an ghá do AA (féach thíos) ná muna bhfuil maolú ann, tá an baol ann go mbeidh éifeachtaí suntasacha díobhálacha ann ar suíomhanna na hEorpa agus tá AA Cuid a 2 ag teastáil. I gcomhréir le hImlitir Roinne SEA 1/08 & NPWS 1/08[1] nuair atá gá le AA sa phlean, ní mór tabhairt faoi Mheasúnacht Straitéiseach Chomhshaoil (SEA). Dá bhrí sin, tá an Plean faoi réir ag an SEA agus scóip i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhshaoil cuí.

Tá Tuairisc Chomhshaoil SEA in éineacht leis an PGA.

De réir an SEA tá an Fhís, an Misean, na Spriocanna, na Cuspóirí agus na hAidhmeanna sa PGA 2024 – 2029 ag teacht le héifeachtaí dearfacha ar gach gné den chomhshaol, go háirithe ar shláinte, bhithéagsúlacht, uisce, cháilíocht aeir agus aeráid, mar aon leis an nasc idir an imthosca timpeallachta seo. Tá an Plean ag teacht le Cuspóir ginearálta Náisiúnta Aeráide an Rialtais, an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 agus Treoirlínte PGA an Údaráis Áitiúil a d'fhoilsigh An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (Márta 2023).

Tugann an Plean reachtaíocht agus beartas aeráide cuí san áireamh, measúnacht riosca athrú aeráide agus measúnacht bhunlíne maolaithe aeráide agus scála chrios dícharbónú. Dá bhrí sin, tá an PGA leagtha amach agus cuimsítear comhthéacs níos leithne idirnáisiúnta, AE, Beartas Aeráide Náisiúnta agus Earnálach.

De réir an SEA tá féidireachtaí ann go mbeidh, más fíor, ag méid áirithe gníomhaíochtaí i dtaca leis an PGA (2024–2029) – ag brath ar scóip an ghníomhaithe – le haghaidh éifeachtaí neamhchinnte nó diúltacha maidir le gnéithe na timpeallachta, go háirithe bithéagsúlacht, uisce, aeráid, oidhreacht agus tírdhreach. Tá bearta aitheanta ag an SEA chun éifeachtaí den chineál sin a mhaolú agus a sheachaint. Baintear amach an chuid is mó de na bearta seo trí bheartais cosanta timpeallachta agus cuspóirí Phlean Forbartha Chontae na Mí 2021-2027, mar atá leagtha amach i dTuarascáil Timpeallachta an SEA.

Tá maolú sonrach maidir le measúnú tionchair comhshaoil agus measúnú cuí leagtha amach chomh maith sa mhír thíos i dtaca le Rialachas Comhshaoil ar Leibhéal na dTionscadal.

**Treoir maidir le Gnáthóga AE – Measúnacht Chuí**

TA PGA an Údaráis Áitiúil faoi réir ag Measúnacht Chuí faoi Airteagal 6(3) den Treoir faoi Ghnáthóga AE (Treoir 92/43/AE) chun socrú má bheidh aon éifeachtaí suntasacha de bharr a chur chun feidhme ar aon suíomh Eorpach atá mar chuid de Líonra Natura 2000. Tá sé de chead ag na hÚdaráis Áitiúla atá aitheanta mar 'údaráis inniúla' glacadh leis an phlean tar éis dóibh a bheith cinnte de nach mbeidh aon tionchar suntasach ann féin, nó mar chuid de phleananna nó thionscadail eile ar chaighdeán na suíomhanna Eorpacha.

De réir na Treorach tá cosaint dlí ann le haghaidh gnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht Eorpach orthu mar thoradh ar bhunú Líonra Natura 2000. Áiritear suíomhanna sa Líonra Natura 2000 atá sainithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) de réir na Treorach faoi Ghnáthóga agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) atá sainithe faoi Threoir maidir le hÉin AE (Treoir 79/409/AE, leasaithe de réir 2009/147/AE). Rinneadh an PGA 2024-2029 a scagadh i dtaca le Measúnacht Chuí agus is é an tuairim atá ann ina leith ná:

- nach bhfuil sé nasctha le nó riachtanach maidir le bainistiú ar aon suíomh Eorpach; agus
- muna ndéantar maolú air, go mbeidh éifeachtaí suntasacha díobhálacha ar shuímh Eorpacha.

Dá bhrí sin, tá Céim a 2 AA ag teastáil ón phlean agus tá Tuarascáil Thionchair Natura (NIR) curtha le chéile agus tá sé in éineacht leis an Phlean seo.

Tá sé aitheanta ag an NIR go bhfuil an fhéidearthacht ann, muna bhfuil maolú ann, le haghaidh éifeachtaí diúltacha ar shuímh Eorpacha, go háirithe trí uisce maidir le méid áirithe ghníomhaithe sonracha den PGA 2024-2029 – ag brath ar scóip an ghníomhaithe. Tá bearta aitheanta ag an NIR chun a leithéid d'éifeachtaí diúltacha a sheachaint – go háirithe trí bheartais chosanta agus chuspóirí Phlean Forbartha Chontae na Mí 2021-2027 chomh maith leis an chuid thíos ar Rialachas Comhshaoil ar Leibhéal na dTionscadal.

**Rialachas Comhshaoil ar Leibhéal na dTionscadal**

Beidh cuspóirí, aidhmeanna agus/nó gníomhaithe aon thionscadail sa phlean seo faoi scagadh an riachtanais le haghaidh Measúnachta Tionchair Chomhshaoil (EIA) i gcomhréir le Treoir 2011/42/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE ar mheasúnacht d'éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe, agus más gá, beidh sé faoi réir ag an Tuarascáil Measúnachta Tionchair Chomhshaoil (EIAR).

Beidh cuspóirí, aidhmeanna agus/nó gníomhaithe aon thionscadail sa phlean seo faoi scagadh an riachtanais le haghaidh Measúnachta Chuí (AA) chomh maith, i gcomhréir le Airteagal 6(3) de Threoir na Comhairle 92/43/AE, agus más dóiche go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ar chaighdeán na suíomhanna Eorpacha, beidh an tionscadal faoi réir ag Measúnachta Chuí. Glacfaidh an t-údarás inniúil leis an tionscadal má tá siad cinnte nach mbeidh aon éifeacht dhíobhálach ar an suíomh atá i gceist, agus tar éis tuairim an phobail a fháil.

### 2.4.3 Ról Aeráide CCM

Sa PGA seo sonraítear gníomhaithe CCM chun a cuid dualgais a chomhlíonadh agus páirt a ghlacadh sa Chuspóir Náisiúnta Aeráide.

Tá cur chuige tríthaobhach sa PGA seo, léirithe thíos, agus fócas inmheánach (eagraíochtúil) agus seachtrach (pobal) chun teacht aniar a thógáil in aghaidh thionchar dhiúltacha athraithe aeráide agus chun dul i ngleic le cúiseanna athraithe aeráide.




*Figiúr 7: Ról Aeráide CCM*

Cé go bhfuil PGA uaillmhianach curtha le chéile chun ról ceannaireachta an rialtais áitiúil a léiriú maidir le gníomhú aeráide, ní chuimseofar sa Phlean gníomhaithe nach féidir a chur i bhfeidhm nó a bhaint amach taobh amuigh de ról, cúram agus rialachas CCM.

| Treoraigh | Cumasaigh | Gríosaigh |
|---|---|---|
| • Gníomhaíocht ar son na haeráide a sheachadadh faoi chúram CCM: ina measc acmhainní, seirbhísí agus bonneagar an ÚÁ féin.<br><br>• Teacht aniar a thógáil in aghaidh tionchair dhiúltacha athraithe aeráide, sa Chontae againn, trí sholáthar réimse seirbhísí agus feidhmeanna. | • Earnálacha, gnólachtaí, pobail agus daoine aonair a chumasú, a éascú agus tacú leo chun gníomhartha aeráide áitiúla a sheachadadh.<br>• Iarrachtaí gach páirtí leasmhara a chomhordú m.sh. Criosanna Dícharbónú, pobail agus gnólachtaí maidir le gníomhartha aeráide áitiúla.<br>• Iarrachtaí gach páirtí leasmhara a chomhordú chun éifeachtaí a uasmhéadú agus caidrimh a chruthú. | • Feasacht agus cumarsáid a mhéadú agus páirt a ghlacadh i gcomhráite i dtaca le ceisteanna agus freagraí gaolmhara. |

*Tábla 2: Ról Aeráide CCM*

**2.5 Maoiniú**

Chun dea-shampla a thabhairt agus an t-athrú i dtreo sochaí aeráid-neodrach a chumasú, beidh ar an Chomhairle cistiú leordhóthanach a fháil le haghaidh tionscadal ghníomhú aeráide chun spriocanna 2030 a bhaint amach. Tá maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla ó fhoinsí éagsúla amhail deontais rialtais, cistí na hEorpa, infheistíocht ón earnáil phríobháideach agus maoiniú comhpháirteach pobail. Tá sé aitheanta go bhfuil an fhéidearthacht ann go mbeidh maoiniú spriocdhírithe nua ar fáil i leith ghníomhaithe ar son na haeráide sa todhchaí, tabharfaidh comhlachtaí cistiúcháin maoiniú nua isteach nó é a mhéadú i dtreo chatagóirí atá dírithe ar ghníomhú ar son na haeráide. Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag lorg deiseanna nua agus reatha ó chomhlachtaí Náisiúnta agus Eorpacha araon atá ag teacht lena cuspóirí i dtaca le gníomhaíocht ar son na haeráide. Tá seans ann go dtiocfaidh deiseanna maoinithe chuig comhpháirtíochtaí atá ar son tionscadal agus tionscnamh le haghaidh gníomhaithe ar son na haeráide.

**Ciste Aeráide Pobail**

Cuirfidh an Chomhairle pobail ar a gcumas eolas agus acmhainní a bheith acu chun teacht aniar s'acu a fheabhsú mar aon lena gcumas chun dul in oiriúint d'athrú aeráide.

Ar 3 Feabhra 2023 chuir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide tús le Sraith a 1 den Chiste Aeráide – ag Tógáil Pobal ÍsealCharbóin. Is ciste náisiúnta é seo ar luach €24 milliúin é atá ann ar mhaithe le húdaráis áitiúla ar fud na tíre, agus chun tacú le pobail agus pobail ísealcharbóin a thógáil. Tá €3 mhilliúin eile ann chun tacú le tionscnaimh uile-Éireann atá ann maidir le gníomhú aeráide sna pobail. Tá an maoiniú seo mar chuid den Chlár Aeráide Pobail, a thugann tacaíocht do thionscadail agus thionscnaimh a chuidíonn le pobail gníomhú go díreach ar son na haeráide agus acmhainneacht a fhothú.

De réir Sraithe a 1 bhí gá le hOifigigh Aeráide Pobail a cheapadh (CCAO) atá dírithe ar phobail a threorú agus tacaíocht a thabhairt dóibh ón tús. Tá CCAO ceaptha ag CCM chun cumarsáid agus riarachán an chiste seo a éascú.

Ní mór do thionscadail pobail atá i dteideal an mhaoinithe seo dul i ngleic le ceann amháin nó gach ceann de na cúig théama a leanas:




*Figiúr 8: Téamaí Chiste Aeráide Pobail*

**2.6 Comhoibriú**

Mar a rinneadh tagairt dó sa PGA seo tá CCM freagrach as astaíochta gás teasa cheaptha arbh fhiú 7.7 Kt $CO_2$eq, níos lú ná 1% de na hastaíochtaí sa Chontae. Cé go dtabharfaidh an Chomhairle faoi laghdú na n-astaíochtaí seo, tá géarghá le cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíocht le réimse leathan pháirtithe leasmhara idir rialtas agus phobal, chun gníomhaíocht ar son na haeráide a sheachadadh.

Leanfaidh CCM léi chun comhoibriú i gcomhpháirtíocht le réimse phríomhpháirtithe leasmhara chun tacú le seachadadh an phlean seo. Bhéarfaidh na comhpháirtíochtaí seo deiseanna chun comhoibriú i dtaca le tionscadail, comh-fhoghlaim, tacaíocht theicniúil agus giaráil ar dheiseanna maoinithe le linn chur chun feidhme an phlean.


| Páirtithe leasmhara | | |
|---|---|---|
| **Saoránach**<br><br>Is iad na saoránaigh na príomhpháirtithe leasmhara do CCM. De réir daonáirimh 2022 tá 220,826 duine sa chontae. Is pobal uirbeach agus tuaithe é seo. Tá taithí dhifriúil ag gach duine i dtaca le hadhaimsir, tuairimí éagsúla ina leith, agus acmhainní éagsúla acu chun maolú a dhéanamh nó oiriú ar thionchair a bhféadfaí a bheith ann. I gcás na saoránach ar níos lú acmhainní iad chun dul i dtaithí ar athrú aeráide tacóidh CCM le h-aistriú cóir. | **Pobail áitiúla**<br><br>I gContae na Mí tá iliomad clubanna áitiúla, eagraíochtaí agus pobail go bhféadfadh CCM tionchar a bheith aici orthu ach iad a chur ar an eolas ar bhealach sothuigthe.<br>D'fhéadfaí an clár aistrithe a chur chun cinn le pobail inbhuanaithe a sheachadadh sa Mhí ach teagmháil a dhéanamh le grúpaí pobail, amhail eagraíochtaí spóirt, botháin na bhfear, grúpaí amharclainne agus 7rl. | **Eagraíochtaí Rialtais**<br><br>Beidh Eagraíochtaí Rialtais ríthábhachtach chun tacú le CCM le seachadadh spriocanna an PGA. |
| **Comhairle Chontae na Mí**<br><br>Is iad bainistíocht CCM, na fostaithe agus na Comhairleoirí na príomhpháirtithe leasmhara chun an clár oibre a shocrú maidir le seirbhísí agus oibríochtaí na Comhairle. | **Gnóthaí**<br><br>Beidh ról lárnach ag gnólachtaí chun astaíochtaí i gContae na Mí a laghdú agus is ábhair athraithe iad. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil an tacaíocht chuí ag gnólachtaí i gContae na Mí le go dtuigfidh siad conas a gcuid slabhraí soláthair a athrú chun riachtanais a gcuid custaiméirí a shásamh. | **Soláthar caipitil**<br><br>Tá soláthar caipitil mar chuid d'aistriú go dtí geilleagar ísealcharbóin in Éirinn agus tá athrú mór ag teastáil i dtaca leis an bhealach a ngintear fuinneamh sa tír agus cé chomh héifeachtach a n-úsáidtear é. Beidh costas an athraithe seo taobh thiar de dhul chun cinn na heacnamaíochta sna blianta amach romhainn. Beidh tacaíocht de dhíth ar ghnólachtaí Chontae na Mí le go dtuigfidh siad riachtanais na soláthróirí caipitil ionas go bhfaighidh siad an t-eolas atá uathu le go mbeidh siad in ann an maoiniú cuí a fháil atá ag teastáil uathu. |

*Tábla 3: Príomhpháirtithe leasmhara*

### 3.0 Achoimre ar Reachtaíocht agus Beartas i dtaca le hAthrú Aeráide

Tuigtear gurb é athrú aeráide an dúshlán domhanda is mó, fadtéarmach, lenár linn, agus tá tionchair s'aige le brath ar fud an domhain agus sa bhaile. Dhearbhaigh an Grúpa Oibre sa Séú Tuarascáil Mheasúnaithe ón Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide go bhfuil fianaise doshéanta ann go bhfuil an aeráid athraithe ó bhí an ré réamhthionsclaíoch ann agus gurb iad gníomhaíochtaí daonna, de bharr astaíochtaí gás teasa cheaptha, is cúis leis. Deirtear gurb iad gníomhaíochtaí daonna an chúis shoiléir le téamh domhanda, agus tá teocht dhromchla ag sroicheadh 1.1°C os cionn 1850-1900, sa tréimhse 2011-2020.

Tá aeráid na hÉireann ag cloí le torthaí an ráitis sin. Déantar comparáid i bhFigiúr 9 idir an méadú ar theocht domhanda ó bhí 1900 ann agus teocht na hÉireann. Tá Éirinn ar aon líne leis an mhéadú ar theocht domhanda, agus in 2022 bhí an teocht ba mhó ann mar aon leis an méid is mó báistí. De réir Met Éireann ba é 2022 'an bhliain ba theo riamh'. Ciallaíonn sé sin go raibh teocht na hÉireann os cionn an mhéan fhadtéarmaigh don 12ú bliain as a chéile. Ina éagmais sin, sa bhliain 2022 bhí an teocht ab airde riamh in Éirinn i rith an tsamhraidh agus bhí teocht de 33°C ann, an dara teocht ab airde riamh.




*Figiúr 9: Oileán na hÉireann 1900-2022 Teocht (°C) Aimhrialtacht (difear ó 1961-1990) – (Foinse: Met Éireann).*

Léirítear é seo i dtaca leis an méid baistí ó bhí 2022 ann, nuair a rinneadh báisteach a thaifeadadh ag leibhéal níos ísle ná an meán fadtéarmach ag an chuid is mó de na stáisiúin aimsire. Bhí inathraitheacht sa bháisteach le linn 2022, agus bhí foircneacha ann i ngach séasúr, agus bhí an Samhradh agus an t-Earrach níos tirime, agus bhí an Fómhar agus an Geimhreadh níos fliche.

D'ardaigh meán leibhéal domhanda na farraige 20cm idir 1901 agus 2018. Tá treocht mheán leibhéal domhanda na farraige ag ardú i rith an ama ó 1901 i leith. In Éirinn feictear go dtí seo an meán ardú 2-3mm céanna in aghaidh na bliana ar leibhéal na farraige. Is é téamh aeráide is cúis le hardú leibhéal na farraige, caillteanas d'oighear farraige agus leathnúchán teirmigh (an méadú ar lear uisce de bharr téimh) mar thoradh ar an aigéan ag éirí níos teo.

D’fhulaing Éirinn de bharr tionchair dhíobhálacha aeráide cheana féin agus díríonn eachtraí adhaimsire aird ar leochaileacht an duine aonair, ghnólachtaí, phobail agus bhonneagair i leith athrú aeráide, agus is fiú béim a chur ar an phráinn a bhaineann le hathrú aeráide sa tsochaí ar fad.

Mar shampla, d’fhág stoirmeacha ar nós Arwen agus Barra i 2021 59,000 teach agus gnólacht gan chumhacht (PGA, 2023). Is féidir le tionchair dhíobhálacha aeráide cur le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, agus eacnamaíocha. Is féidir leis seo leochaileacht agus íogaireacht i dtaca le hathrú aeráide agus foircneacha aimsire a mhéadú.

Bunaithe ar na hathruithe san aeráid agus a thionchair, tá Met Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus eolaithe aeráide eile in ann réamh-mheastacháin chinnte a dhéanamh mar gheall ar phatrúin aeráide in Éirinn agus go domhanda. D’fhoilsigh an EPA, Foras na Mara agus Met Éireann Tuarascáil ar Stádas Aeráide na hÉireann in Iúil 2021.

Future climate projections for Ireland may be summarised as follows:


- Léiríonn réamh-mheastacháin go leanfar leis na treochtaí a chonacthas le céad bliain anuas agus go rachfar níos déine sna deicheanna amach romhainn.
- Tá an teocht ag ardú agus táthar ag súil le méadú leanúnach i ngach séasúr.
- Táthar ag súil le titim ar an méid báistí san Earrach agus sa Samhradh, agus léirítear sna réamh-mheastacháin go mbeidh tuilleadh eachtraí báistí ann, go mór mór le linn an Gheimhridh.
- De réir na réamh-mheastacháin is beag difir a mbeidh ann i dtaca le meán luas gaoithe nó treo s’aici. Táthar ag súil le méadú ar mhinicíocht maidir le dálaí gaoithe, go hairithe le linn an Gheimhridh.
- Bunaithe ar threochtaí reatha, beidh méadú ar ardú leibhéal na farraige, cosúil leis an ardú a bhí ann go dtí seo. Tá Éirinn thar a bheith leochaileach i leith ardaithe leibhéal na farraige, toisc go bhfuil cósta fairsing aici agus an líon mór daoine ata ina gcónaí cois farraige
- Méadú ar mhinicíocht fuarlaigh srutha (abhainn) agus bháistiúil (uisce dromchla)
- Méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine fuarlaigh cósta agus creimthe
- Méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine teaspaigh Samhraidh, teocht ard agus triomach
- Laghdú ar mhinicíocht seaca agus sneachta; agus
- Méadú ar fhad an tséasúir fáis (seal feineolaíoch).

Is féidir aeráid na hÉireann sa lá atá inniu ann agus a mbeidh i ndán di amach anseo a mheas go simplí. D’athraigh aeráid na hÉireann ón chéad seo caite, mar aon le teochtaí domhanda tá sí níos teo, agus bhéarfaidh sé seo réimse tionchair atá ceangailte le haeráid níos teo agus adhaimsire breise.

### 3.1 Reachtaíocht Aeráide agus Comhthéacs Beartais

Tugann fianaise eolaíoch ugach do ghníomhú ar son na haeráide ina bhfuil tacaíocht d'eolas maidir le tionchar an duine ar athrú aeráide agus an conradh daingnithe idirnáisiúnta dleathach is déanaí i dtaca le hathrú aeráide, ina bhfuil creat le haghaidh freagraí beartais atá uaillmhianach agus láidir, Comhaontú Pháras, 2015.

Dá bhrí sin, tá an PGA seo mar chuid de chomhthéacs beartais aeráide idirnáisiúnta, AE, náisiúnta agus earnálach níos leithne. Léirítear an méid seo i bhFigiúir 10.




*Figiúr 10: Reachtaíocht agus Comhthéacs Beartais le haghaidh PGA*

#### 3.1.1 Beartas Idirnáisiúnta don Athrú Aeráide

Tá comhoibriú idirnáisiúnta agus uaillmhian ag teastáil chun gníomhú éifeachtúil i dtaca le hathrú aeráide a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), a bunaíodh i 1994, comhoibriú domhanda a chothú chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus an toradh atá ann de bharr an ardaithe ar theochtaí domhanda.

De bharr infheistíocht a dhéanamh chun an timpeallacht nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú tiocfaidh réimse tairbhí a chuidíonn leis na rioscaí i dtaca le hathrú aeráide a bhainistiú agus a laghdú agus cuidiú le teacht aniar a thógáil trí chreimeadh ithreach a laghdú, ionsúiteach, sreabhadh uisce dromchla a mhoilliú, limistéir fhionnuara agus scáthú a sholáthar, fiadhúlra agus bithéagsúlacht a mhéadú agus cur le sláinte agus an saol maith.

Tá liosta neamhchuimsitheach thíos i dtaca leis na gníomhaíochtaí atá pleanáilte a bhaineann leis an aeráid maidir le bithéagsúlacht agus oidhreacht. Bhéarfaidh An Plean Bithéagsúlachta agus An Plean Oidhreachta tuairim níos cuimsithí maidir leis na réimsí seo.

**Cuspóir Straitéiseach 3 – An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas: Gníomhaíocht**

| Uimh. | Gníomhaíocht | Oirniú/Maolú | Bearta Rianaithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|
| NE1 | Butaí uisce a chur ag foirgnimh phoiblí, chun tacú le coistí na mbailte slachtmhara, foireann agus conraitheoirí le go mbeidh uisce ar fáil le haghaidh cothabhála gairdín. | Maolú | Líon na mbutaí uisce curtha. | Bliantúil go dtí 2029 |
| NE2 | Tús a chur le clár iniúchóireachta ar thailte an LA chun suirbhéanna éiceolaíocha agus gnáthóga a dhéanamh agus aird a tharraingt ar limistéir atá i mbaol agus iad siúd atá in oiriúint d'athbhunú agus stóráil carbóin feabhsaithe. | Le chéile | Suirbhéanna agus liosta gníomhaíochtaí; Bithéagsúlacht fheabhsaithe de bharr monatóireachta. | QR2 2027 |
| NE3 | Roghanna a fhorbairt chun an Straitéis Chur chun feidhme Náisiúnta a sheachadadh do Réitigh Nádúrbhunaithe agus treoir eatramhach i dtaca le huisce báistí agus sreabhadh uisce dromchla i gceantair uirbeacha. | Oirniú | Líon na réitigh Nádúrbhunaithe i dtaca le bainistiú uisce báistí agus sreabhadh dromchla. | QR2 2025 |
| NE4 | Talamh coille dúchasach a chur ar thailte cuí an LA. | Le chéile | Heicteáir curtha. | Q4 2024 |
| NE5 | Plean Mór Éigeandála – uasdátú na bpleananna práinnfhreagartha a chomhordú agus a athmheas bunaithe ar thaithí, agus leochaileacht na timpeallachta a thabhairt san áireamh. | Oirniú | Plean uasdátaithe. | Q4 2024 |
| NE6 | Bonneagar criticiúil a aithint maidir leis an ghréasán reatha i dtaca le teagmhais aimsire crua a bhaineann leis an aeráid. | Oirniú | Tairseach ina bhfuil bonneagar criticiúil. | QR2 2026 |
| NE7 | Plean Contae (Áitiúil) i dtaca le PG Bithéagsúlachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, chun bithéagsúlacht áitiúil a chosaint agus a fhorbairt, lena n-áirítear bearta a bhaineann leis an aeráid. | Le chéile | PG Bithéagsúlachta glactha. | Q4 2027 |
| NE8 | Tabhairt faoi mheasúnacht riosca aeráide ar acmhainní oidhreachta an údaráis áitiúil (nádúrtha, tógtha agus cultúrtha). Tabhairt faoi chlár rialta iniúchta, cothabhála agus oibreacha caomhnaithe céimnithe chun teacht aniar aeráide a fhorbairt. | Le chéile | Dhá thionscadal caomhnaithe tosaithe sa bhliain. Clár iniúchta ar bun. | Bliantúil go dtí 2029 |
| NE9 | Tabhairt faoi mheasúnacht i dtaca le Mír 4 Ceadúnais Sceite san Uisce. | Oirniú | Athbhreithniú ar líon na gceadúnas sceite. | Annual to 2029 |
| NE10 | Tacú le cruthúnas gairdíní pobail trí chomhpháirtíocht le pobail áitiúla agus gníomhaireachtaí seachtracha. | Maolú | Líon na ngairdíní pobail. | Bliantúil go dtí 2029 |
| NE11 | Tacú le crainn a chur agus é a éascú taobh istigh de theorainn/ limistéar tógtha reatha. | Oirniú | Tomhas bliantúil. | Bliantúil go dtí 2029 |

*Tábla 94: Gníomhaíochtaí le haghaidh Cuspóir Straitéiseach 3 – An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas*

**Cuspóir Straitéiseach 4: Teacht aniar agus Aistriú**

| Réimse Téamach | Cuspóir Straitéiseach | Aidhmeanna |
|---|---|---|
| Pobail: Teacht aniar & Aistriú | GA a ghríosú sa phobal áitiúil, agus aistriú cóir a bhaint amach. | 4.1 Pobail inbhuanaithe, ionchuimsitheacha agus teacht aniar a chur chun cinn trí chomhoibriú agus rannpháirtíocht, ag díriú ar ghníomhaíochtaí a chuireann sláinte agus an saol maith chun cinn agus a thacaíonn le geilleagair áitiúla. |
| Ailíniú Beartais/ Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe | | Ailíniú Beartais/ Cuspóirí Athrú Aeráide Éifeachtúla a Sheachadadh |
| 3 Good Health and Well-being; 6 Clean Water and Sanitation; 7 Affordable and Clean Energy; 8 Decent Work and Economic Growth; 11 Sustainable Cities and Communities; 12 Responsible Consumption and Production; 13 Climate Action; 15 Life on Land | | DECA 1, DECA 4, DECA 5, DECA 6 |
| Comhthairbhí | | |
| ✔ Inbhuanaitheacht agus beocht phobail<br>✔ Cruthúnas post glasa agus forbairt scileanna | | ✔ Cothromas agus ionchuimsitheacht shóisialta |

Tabharfaidh réitigh innealtóireachta muid cuid den bhealach chun ár ngníomhaíochtaí aeráide a bhaint amach. Chomh maith leis sin, beidh gá le tacaíocht do phobail agus ó na pobail chun cur chuige leathan sochaíoch a uasmhéadú agus chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil gach duine ag glacadh páirt chun Contae a thuigeann conas cúrsaí aeráide a chruthú sna glúnta amach romhainn. Tá soláthar eolais, teagmháil agus rannpháirtíocht ríthábhachtach chun cinnte a dhéanamh de go mbainfear amach athrú iompraíochta atá fiúntach agus marthanach. Tá sé seo tábhachtach ins an oiread sin réimsí chun rath a chinntiú, mar shampla, tabhairt faoi thaisteal gníomhach agus iompar poiblí a úsáid, ag athrú go dtí teas nó foinsí breosla ísealcharbóin, ag feabhsú na timpeallachta nádúrtha agus ag cothú feasachta ghinearálta i dtaca le hathrú aeráide, na tionchair agus na deiseanna.

Mar chuid den chomhrá leanúnach le réimse leathan pobail tá sé tábhachtach comhoibriú go rannpháirtíoch chun tabhairt faoi na bearta atá de dhíth le chéile.

Tá go leor grúpaí pobail ann atá gníomhach cheana féin chun an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú agus atá ag obair chun oibleagáidí aeráide i gContae na Mí a sheachadadh chun réitigh inbhuanaithe áitiúla a chruthú a bhfuil feidhm leo. Tá an Chomhairle tiomanta le bheith ag obair leis na grúpaí seo le go mbeidh siad in ann a gcuid spriocanna a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm againn a bheith ag cur eolas ar fáil do na pobail seo, teagmháil a dhéanamh leo agus rannpháirtíocht na saoránach agus gach cineál pobail a chur chun cinn chun réitigh áitiúla a sheachadadh le go mbainfear amach na spriocanna aeráide seo.

**Cuspóir Straitéiseach 4 Pobail: Teacht aniar agus Aistriú: Gníomhaíocht**

| Uimh. | Gníomhaíocht | Oirniú/Maolú | Bearta Rianaithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|
| CRT1 | Suiteáil in ionaid athlíonta uisce ag foirgnimh phoiblí/ limistéir áiseanna chun táirge plaisteach aon úsáide a laghdú. | Maolú | Líon na n-ionad athlíonta uisce suiteáilte | Annual to 2029 |
| CRT2 | Tionscadal i dtaca le Cáilíocht Aeir Bhaile Átha Troim a leathnú amach go dtí Criosanna Dícharbónú eile. | Le chéile | Tuarascáil ar cháilíocht aeir do gach Crios Dícharbónú | Q4 2029 |
| CRT3 | Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtreoirlínte bainistithe a bhaineann le riosca fuarlaigh sna hiarratais pleanála, ag tabhairt aird ar leochaileacht na timpeallachta m.sh. bithéagsúlacht, seandálaíocht, luach áiseanna. | Oirniú | Cloíodh leis na treoirlínte. | Bliantúil go dtí 2029 |
| CRT4 | Oibríocht agus soláthar na scéimeanna rothair agus roinnt carranna a leathnú amach. Scéim rothair agus roinnt carranna a chur chun cinn. | Le chéile | Líon agus áit na scéimeanna rothair agus roinnt carranna. Céatadán na húsáide. | Bliantúil go dtí 2029 |
| CRT5 | Limistéir a aithint agus a mhapáil atá soghabhálach i leith teagmhas aimsire crua a bhaineann leis an aeráid ar an ghréasán bóithre. | Oirniú | Tairseach ina bhfuil limistéir mapáilte atá soghabhálach i leith an ghréasáin bóithre. | QR2 2027 |
| CRT6 | Na tairbhí a bhaineann le Fearais Fuinnimh Baile ó na Leabharlanna a chur chun cinn agus a phoibliú. | Maolú | Líon na bhfearas eisithe ag na leabharlanna; líon na n-imeachtaí. | Bliantúil go dtí 2029 |
| CRT7 | Líon na scéimeanna bealach slán chun na scoile a mhéadú, más féidir. | Maolú | Líon na scéimeanna bealach slán chun na scoile sa Chontae. | Bliantúil go dtí 2029 |
| CRT8 | Nasc a dhéanamh leis an OPW maidir le neartú cosanta fuarlaigh nua nó reatha a aithint mar aon le bearta cosanta. | Le chéile | Líon na scéimeanna aitheanta | Bliantúil go dtí 2029 |
| CRT9 | Athbhreithniú a dhéanamh ar eachtraí agus soghabháltacht Fuarlaigh agus nasc a dhéanamh leis na Rannóga cuí in CCM agus Uisce Éireann chun acmhainní s'acu atá i mbaol ó fhuarlach/dhian bháistí agus chun eolas a roinnt maidir leis na scéimeanna faoisimh fuarlaigh a bhaineann le 'mionoibreacha' ar chostas íseal a chur chun feidhme. | Le chéile | Líon na scéimeanna aitheanta agus curtha chun feidhme. | Bliantúil go dtí 2029 |
| CRT10 | Tabhairt faoi Staidéar ar Chreimeadh Cósta agus Riosca Fuarlaigh do Chontae na Mí agus na moltaí a chur chun feidhme agus tús áite a thabhairt do réitigh nádúrbhunaithe más féidir. | Le chéile | Staidéar críochnaithe; Líon na moltaí curtha chun feidhme. | Bliantúil go dtí 2029 |
| CRT11 | Eolas a fhorbairt agus a sholáthar i dtaca le Stíl Mhaireachtála Inbhuanaithe agus teagmháil a dhéanamh le Tionóntaí na Comhairle ar an bhealach gur féidir leo úsáid fuinnimh, uisce agus dramhaíola a laghdú. | Maolú | Líon na dtionóntaí ag fáil eolais. | Bliantúil go dtí 2029 |

**Cuspóir Straitéiseach 4 – Pobail: Teacht aniar agus Aistriú: Gníomhaíocht**

| Uimh. | Gníomhaíocht | Oirniú / Maolú | Bearta Rianaithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|
| CRT12 | An Clár um Pobail agus Fhuinneamh Inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacú leis agus ceardlanna a eagrú. | Maolú | Líon na SECanna atá gníomhach; Dhá cheardlann SEC sa bhliain. | Bliantúil go dtí 2029 |
| CRT13 | Sraith 1 & 1A den Chlár Pobail ar Ghníomhú ar son na hAeráide a riaradh agus tacú leis chun tionscadail roghnaithe a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide a sheachadadh. | Le chéile | Céatadán den tarraingt anuas den Chiste Pobail. Líon na dtionscadal críochnaithe. | Bliantúil go dtí 2029 |
| CRT14 | Gach imeacht a cheadaíonn CCM a ghríosú le go mbeidh inbhuanaitheacht agus comhthathú san áireamh i dtaca le bithéagsúlacht agus leochaileacht na timpeallachta. | Maolú | Treoir tugtha i dtaca le himeachtaí. Téarmaí agus Coinníollacha uasdátaithe. | QR2 2025 |
| CRT15 | De bharr na treorach atá sa Mheabhrán Tuisceana a shínigh CLG agus an CCMA, i dtreo is go mbeidh comhoibriú ann i dtaca le hinbhuanaitheacht agus tionscadail ar mhaithe le Gníomhú ar son na hAeráide, teagmháil a dhéanamh leis an cheannasaí aitheanta sa Chlár Club Glas, agus comhoibriú le CARO agus CLG, chun tionscadail a chur chun cinn agus tacú leis na clubanna atá rannpháirteach, chun cuspóirí a bhaint amach le linn príomh thréimhsí na scéime go dtí 2029. | Le chéile | % de na Clubanna nasctha leis an Chlár Club Glas. | 2024 – 2029 |
| CRT16 | "Féile Ghlasú" a fhorbairt agus critéir maoinithe a thabhairt isteach maidir le féilte a roghnú i gContae na Mí. | Maolú | Líon na n-iarratas; Tuairisc mheasúnaithe agus moltaí. | Bliantúil go dtí 2029 |

*Tábla 95: Gníomhaíochtaí le haghaidh Cuspóir Straitéiseach 4 – Pobail: Teacht aniar agus Aistriú*

**Cuspóir Straitéiseach 5: Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní**

| Réimse Téamach | Cuspóir Straitéiseach | Spriocanna |
|---|---|---|
| Pobail: Teacht aniar & Aistriú | Cultúr na hinbhuanaitheachta a chruthú, geilleagar ciorclach a chur chun cinn ar fuad an Chontae. | 5.1 Tacú le tionscnaimh an gheilleagair ciorclaigh agus an bhonneagair, ag díriú ar chosc, athúsáid, dheisiú agus athchúrsáil agus deiseanna gnó glas a chur chun cinn. |

| Ailíniú Beartais/ Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe | Ailíniú Beartais / Cuspóirí Athrú Aeráide Éifeachtúla a Sheachadadh |
|---|---|
| 8 Decent work and economic growth; 9 Industry, innovation and infrastructure; 10 Reduced inequalities; 11 Sustainable cities and communities; 12 Responsible consumption and production | DECA 2; DECA 3; DECA 4; DECA 5; DECA 6 |

**Comhthairbhí**

- Fás Eacnamaíoch
- Costais laghduithe
- Sláinte phoiblí agus saol maith
- Slándáil bia áitiúil
- Geilleagar ciorclach
- Inbhuanaitheacht agus beocht phobail
- Cruthú post glasa agus forbairt scileanna
- Cothromas agus ionchuimsitheacht shóisialta

Tá úsáid iontach éagsúil agus tagann sí ó gach rud a bhaineann lenár n-iompraíocht i dtaca le húsáid fuinnimh agus uisce, ceannach éadaí, fearas tí, aimsiú bia agus socruithe taistil. Cuireann déantúsaíocht agus iompar earraí tomhaltais go mór leis an dúshlán aeráide, rud nach dtuigeann an tomhaltóir go minic.

De bharr na húsáide de na hacmhainní nádúrtha a mbíonn muid ag brath orthu, tá bagairt ann nach mbeidh na glúnta atá le teacht in ann na hacmhainní nádúrtha sin a fháil agus iad a úsáid ar bhonn inbhuanaithe. Léiríonn an Beartas AE agus Náisiúnta an phráinn atá le haistriú ó gheilleagar líneach ina bhfuil “tóg, déan agus cur de láimh” i gceist go dtí geilleagar ciorclach ina mbeidh acmhainní á n-athúsáid, á n-athchúrsáil agus á n-athghineadh.

Tá níos mó i gceist ná bainistiú dramhaíola i dtaca leis an Gheilleagar Ciorclach. Tá an bhéim ar líon na n-amhábhar a n-úsáideann muid a laghdú agus luach na n-ábhar a uasmhéadú sa tslabhra táirgthe agus úsáide. Déanann an samhail gheilleagrach seo cinnte de go n-úsáideann gach duine níos lú acmhainní agus cuireann sí cosc ar dhramhaíl chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach.

Tá CCM tiomanta chun tacú le leibhéil mhéadaithe inbhuanaitheachta agus bainistiú acmhainní chun geilleagar ciorclach áitiúil bríomhar a chruthú atá inbhuanaithe ar bhonn éagsúil. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil saoránaigh, pobail, gnólachtaí agus eagraíochtaí eile á gcumasú chun athrú dearfach a chur i bhfeidhm agus an caighdeán maireachtála a fheabhsú de bharr cumhacht an cheannaitheora s’acu.

**Cuspóir Straitéiseach 5 – Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní: Gníomhaíocht**

| Uimh. | Gníomhaíocht | Oirniú/Maolú | Bearta Rianaithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|
| SR1 | Méadú athchúrsála agus aisghabhála ar earraí téagartha teaghlaigh, dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl ghlas. | Oirniú | Méadú 10% ar imeachtaí saora do theaghlaigh; tonaí méadracha na n-earraí teaghlaigh téagartha, dramhthrealamh leictreach agus athchúrsáil ar dhramhaíl ghlas. | Bliantúil go dtí 2029 |
| SR2 | Méadú ar bhailiúchán ar cholbha an chosáin de Dhramhaíl Teaghlaigh Orgánach agus feidhm a bhaint as Scéim na hAraide Doinne. Feachtas Feasachta sa Chontae i dtaca le leathadh amach na hAraide Doinne á phoibliú ar Raidió, sna meáin Chlóite agus shóisialta. | Oirniú | Feachtas ar mhéadú an chéatadáin den scéim. | QR1 2025 |
| SR3 | Tacú le bunú na 'Mol den Gheilleagar Ciorclach' atá mar mhoil ábhair fhisiciúla do thitim ar athshruthú earraí agus táirgí do ghníomhaíochtaí tráchtála agus cónaitheacha. | Le chéile | Líon na mol den gheilleagar ciorclach. | Bliantúil go dtí 2029 |
| SR4 | Teagmháil le gnólachtaí agus cónaitheoirí chun tacú le hábhair athúsáidte agus athchúrsáilte a ghlacadh. | Le chéile | Ceithre theagmháil sa bhliain. | Bliantúil go dtí 2029 |
| SR5 | Tacú le táirgí bia áitiúil inbhuanaithe agus cur cleachtais feirme inbhuanaithe chun cinn. | Le chéile | Ceithre cinn de bholscaireacht. | Bliantúil go dtí 2029 |
| SR6 | Dhá Lá Glas d'Iniúchadh Comhshaoil Gnó a sholáthar i measc gnólachtaí beaga sa Chontae (1-50 fostaí). | Maolú | 20 gnólacht ag baint tairbhe as an scéim. | Bliantúil go dtí 2029 |
| SR7 | Tacú le gnólachtaí in aistriú s'acu trí thionscnaimh rialtais m.sh. micreaghlas. | Maolú | Tacaíocht tugtha do 20 gnólacht. | Bliantúil go dtí 2029 |
| SR8 | Tionscadail a ghríosú agus a chur chun cinn a chuirfidh go dearfach le fás an gheilleagair chiorclaigh agus bithbhunaithe chun forbairt eacnamaíoch íseal charbóin tuaithe agus uirbeach atá inbhuanaithe a chur chun cinn. | Le chéile | Ceithre ócáid bolscaireachta | Bliantúil go dtí 2029 |
| SR9 | Poist áitiúla a chur chun cinn chun méid na comaitéireachta taobh amuigh den Chontae a laghdú. | Maolú | Dhá ócáid bolscaireachta | Bliantúil go dtí 2029 |
| SR10 | Tacú le forbairt na mol fiontraíochta chun obair ó chian a éascú. | Maolú | Líon na mol fiontraíochta a éascaíonn obair ó chian. | QR3 2025 |
| SR11 | Bainistiú feabhsaithe i dtaca le dramhaíl tógála agus scartála (C&D) a chur chun feidhme i ngníomhaíochtaí an LA. | Le chéile | Tuairisc/í measúnaithe agus molta. | QR3 2025 |

**Cuspóir Straitéiseach 5 – Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní: Gníomhaíocht**

| Uimh. | Gníomhaíocht | Oirniú / Maolú | Bearta Rianaithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|
| SR12 | In4Green Gréasán an tionscadail Uirbigh: Plean Gníomhú Chomhtháite na hUaimhe a chríochnú. | Le chéile | IAP ann | Q3 2025 |
| SR13 | Plean i dtaca le bainistiú dramhaíola a fhorbairt agus aird ar leith ar phrionsabail an gheilleagair ciorclaigh. Cur chun cinn an gheilleagair ciorclaigh m.sh. áiseanna athchúrsála/ mol agus Rothar deisithe le heagrú. Triail a bhaint as scaradh dramhaíola sráide. | Le chéile | Plean foilsithe; ócáid bholscaireachta bhliantúil amháin i ngach DZ. | Bliantúil go dtí 2029 |

*Tábla 96: Gníomhaíochtaí le haghaidh Cuspóir Straitéiseach 5 – Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní*

**6.3 Monatóireacht**

Is saincheist ríthábhachtach é an fhreagracht do CCM, agus go háirithe an cumas chun rianú, tomhas agus tuairisciú ar dhul chun cinn i seachadadh éifeachtúil i dtaca le gníomhú ar son na haeráide ag leibhéal an údaráis áitiúil agus earnálacha araon. Ar an bhonn seo, beidh ról suntasach ag Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna).

Maidir le gníomhú CCM i dtaca le feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaineann le bonneagar agus acmhainní na Comhairle déanfar anailís leanúnach tríd an Chóras (M&R) Monatóireachta agus Tuairiscithe atá á bhainistiú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Chomh maith leis sin, tá CCM ag oibriú an Chórais Bainistithe Fuinnimh ISO50001 agus cloítear le riachtanais an chórais tuairiscithe.

I dtaca le gníomhaíochtaí taobh amuigh de seo, cuireann CCM eolas ar fáil mar gheall ar dhul chun cinn seachadadh na ngníomhaíochtaí aeráide trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta Earnálacha. Léiríonn sé seo gníomhaíocht na hEarnála Rialtais Áitiúil i dtaca le gníomhú ar son na haeráide.

Bailíonn CARO, in éineacht leis an Ghníomhaireacht Bainistithe Rialtais Áitiúil (LGMA) sonraí go bliantúil mar gheall ar réimse téamaí lena n-áirítear acmhainní gníomhaithe ar son na haeráide; oiliúint faoi ghníomhú ar son na haeráide; gníomhaíochtaí seachadta; tacaíocht fhiontraíochta; éifeachtúlacht fhuinnimh; laghduithe astaíochtaí; bearta taistil ghníomhach agus leanfar le cur le KPIanna i dtaca le freagra ar aimsir chrua de réir mar is gá don Earnáil agus cuirfidh an Chomhairle an t-eolas cuí ar fáil de réir mar is gá, chun cuidiú le haird a tharraingt ar dhul chun cinn in Earnáil an Rialtais Áitiúil i dtaca le gníomhú ar son na haeráide.

## 7.0 Tuairisciú

Déanfaidh CCM monatóireacht agus tuairisciú ar chur chun feidhme an PGA seo, leanfaidh maoirseoireacht an chur chun feidhme trí roinnt meicníochtaí reatha atá ann:

### 7.1 Monatóireacht agus Tuairisciú Inmheánach

Bhéarfaidh CCM uasdátú agus tuairisciú ar chur chun feidhme i dtaca le gníomhú ar son na haeráide sna cúig réimse téamach den PGA ina cuid struchtúir rialachais agus tuairiscithe agus ina bealaigh chumarsáide.

Cuirfear tuairiscí ar fáil don Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, Timpeallacht agus Seirbhísí Éigeandála más ga, agus cuirfear tuarascáil ar fáil do na Comhairleoirí gach bliain. Beidh tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Maidir lena feidhmíocht ó thaobh astaíochtaí agus fuinnimh de leanfaidh CCM lena tuairisciú chuig an Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) tríd an Chóras (M&R) Monatóireachta agus Tuairiscithe. De réir Airteagal 10 den Treoir 2001/42/AE ('SEA Treoir') a bhaineann le Monatóireacht agus Tuairisciú Comhshaoil, tá sé riachtanach go ndéantar monatóireacht ar éifeachtaí comhshaoil i dtaca le cur chun feidhme an phlean chun "éifeachtaí neamhthuartha a aithint go luath, agus chun tabhairt faoin obair feabhais chuí." Is é an príomh aidhm atá le monatóireacht na cros-seiceáil a dhéanamh ar éifeachtaí suntasacha comhshaoil a thagann chun cinn ag staid an chur chun feidhme i gcoinne iad siúd a bhí tuartha ag staid ullmhúcháin an phlean, chomh maith le héifeachtaí díobhálacha neamhthuartha a aithint. Cuidíonn monatóireacht den chineál seo le tabhairt faoin obair feabhais chuí nuair a dhéantar taifead ar éifeachtaí díobhálacha comhshaoil. De réir na monatóireachta seo tugtar eolas má tá an SEA , mar ba chóir, ag soláthar leibhéal ard cosanta don chomhshaol agus cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe (Airteagal 1 den Treoir SEA).

Tabharfar faoi mhonatóireacht agus thuairisciú SEA ar bhonn rialta le linn amscála an Phlean seo.

### 7.2 Plean Náisiúnta Gníomhaíochta don Aeráid

Beidh CCM, de réir cuid 3(w) den Chairt faoi Ghníomhú Aeráide an Údaráis Áitiúil ag tuairisciú chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) ar dhul chun cinn i dtaca le gníomhú ar son na haeráide ag leibhéal an Chontae mar chuid de sheachadadh an Chuspóra Náisiúnta Aeráide. Beidh dul chun cinn gach gníomhaíochta á thuairisciú trí mheicníocht tuairiscithe CARO.

**Feidhmíocht Earnálach:**

Beidh CCM ag tuairisciú go bliantúil maidir lena feidhmíocht a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide trí KPIanna chun eolas a chur fáil ar fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide, mar chuid de Straitéis DECA 2030 an rialtais áitiúil.

**Gluais**

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Oirniú | Sna córais dhaonna, an próiseas oiriúnúcháin maidir le fíor éifeachtaí nó tuartha aeráide agus a cuid éifeachtaí, chun dochar a mhaolú nó chun deiseanna tairbheacha a thapú.<br>Sna córais nádúrtha, an próiseas oiriúnúcháin maidir le fíor aeráid agus a cuid éifeachtaí; d'fhéadfaí idirghabháil ón duine oiriúnúchán a éascú i dtaca le haeráid thuartha agus na héifeachtaí.<br>Éagsúlacht bithéagsúlachta nó bitheolaíochta. |
| Antrapaigineach | Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí daonna. |
| Éagsúlacht bithéagsúlachta nó bitheolaíochta | Ciallaíonn "bithéagsúlacht" athraitheacht i measc orgánaigh beo ó gach foinse, lena n-áirítear éiceachórais talún agus mhuirí agus éiceachórais uisceacha eile agus na coimpléisc éiceolaíocha ar cuid díobh iad; lena n-áirítear éagsúlacht sna speicis, idir speicis agus éiceachórais. |
| Aeráid | An meán aimsir fhadtéarmach in aon cheantar, thar tréimhse 30 bliain de ghnáth. Den chuid is mó is iad na cainníochtaí cuí ná athraitheacha dromchla amhail teocht, báisteach agus gaoth. |
| Réamh-mheastachán aeráide | Is freagra ionsamhlaithe é réamh-mheastachán aeráide den chóras aeráide i dtaca le suíomh astaíochta sa todhchaí nó tiúchan astaíochtaí gás teasa cheaptha (GHGanna) agus aerasóil, atá díorthaítear de ghnáth ag baint feidhme as samhlacha aeráide. |
| Creimeadh cósta | Briseadh síos talaimh agus baint amach dríodair agus carraigeacha de bharr phróisis cósta. I measc na bhfachtóirí a bhaineann le creimeadh cósta tá ardú ar leibhéal na farraige, tonnta móra agus stoirmeacha. |
| Tréimhse Fhuar | Tréimhse leanúnach d'aimsir fhuar, agus teochtaí ísle á dtaifeadadh. |
| Fuarlach Cósta | Bíonn fuarlach cósta ann nuair a ardaíonn leibhéil na farraige ar an chósta nó in inbhir go dtí leibhéil níos airde ná an talamh máguaird, nó a sháraíonn na cosaintí cósta más ann dóibh, nó scaileogú ar an chósta. |
| Dífhoraoisiú | An t-athrú ó cheantair fhoraoiseacha go dtí talamh neamhfhoraoiseacha. |
| Triomach | Tréimhse aimsire atá tirim níos mó ná is gnách fada go leor chun éagothroime hidreolaíoch díobhálach a chruthú. |
| Conairí astaíochtaí | Is é conairí astaíochtaí an téarma a dtugtar ar threochtaí samhailteacha ar astaíochtaí domhanda antrapaigineach sa 21ú hAois. |
| Neamhchosaint | Daoine i láthair, slí bheatha, speicis nó éiceachórais, feidhmíochtaí comhshaoil, seirbhísí agus áiseanna, bonneagar, nó acmhainní eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha in áiteanna agus suímh a d'fhéadfaí tionchar díobhálach a bheith orthu. |
| Teagmhas adhaimsire | Is teagmhas annamh a tharlaíonn in áit áirithe agus ag am áirithe den bhliain é teagmhas adhaimsire. |
| Fuarlach Srutha | Tarlaíonn fuarlach srutha nuair a bhriseann aibhneacha agus srutháin thar bhruach s'acu agus téann an t-uisce isteach sna ceantair máguaird (an tuilemhá nádúrtha). |
| Téamh Domhanda | Déanann téamh domhanda tagairt ar an mhéadú ar theocht dhromchla domhanda atá nasctha le tréimhse bhunlíne tagartha, a fhaigheann meán thar tréimhse sách fada chun fáil réidh le héagsúlachtaí ó bhliain go bliain (m.sh. 20 nó 30 bliain). |

**Gluais**

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Astaíochtaí gás teasa cheaptha | Comhábhair ghásacha den atmaisféar, nádúrtha agus antrapaigineach araon, a ionsúnn agus a astaíonn radaíocht ag tonnfhaid ar leith taobh istigh de réimse na radaíochta astaithe ag dromchla na Cruinne, ag an atmaisféar é féin, agus ag néalta. Cruthaíonn an t-airí seo an iarmhairt cheaptha teasa. Áirítear gáis cheaptha teasa dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), ocsaíd nítriúil ($N_2O$), meatán (CH4) agus ózón (O3) agus áirítear heicseafluairídí sulfair (SF6), hidreafluaracarbóin (HFCanna), clórafluaracarbóin (CFCanna) agus sárfhluaracarbóin (PFCanna) de dhéantús an duine. |
| Fuarlach Screamhuisce | Tarlaíonn fuarlach screamhuisce nuair a ardaíonn an maoschlár os cionn dromchla an talaimh. Bíonn báisteach leanúnach ann ar feadh i bhfaid nó cineálacha fuarlaigh eile, in áit neamhleanúnach, agus maireann siad ar feadh seachtainí nó míonna. |
| Guais | An eachtra fhéideartha d'imeacht fisiciúil nádúrtha nó de thoradh an duine nó tionchar treochta nó fisiciúil a d'fhéadfaí cailliúint beatha, gortú, nó tionchair shláinte eile a chruthú, chomh maith le damáiste agus cailliúint réadmhaoine, bonneagar, slí bheatha, soláthar seirbhísí, éiceachórais agus áiseanna timpeallachta. |
| Teaspach | Tréimhse aimsire te atá neamhghnách agus míchompordach. |
| Sneachta Trom | Tréimhse fhada sneachta ina mbíonn go leor sneachta ina luí ar an talamh thar tréimhse laethanta as a chéile. |
| Tionchar | oradh na rioscaí ar chórais nádúrtha agus dhaonna, ina mbíonn rioscaí ann de bharr an naisc a bhaineann le guaiseacha aeráide (lena n-áirítear eachtraí adhaimsire/eachtraí aeráide), neamhchosaint agus leochaileacht. Baineann tionchair de ghnáth leis na héifeachtaí ar bheathaí, slí bheatha, sláinte agus saol maith, éiceachórais agus speicis, acmhainní eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha (seirbhísí éiceachórais ina measc), agus bonneagar. Déantar tagairt do thionchair mar thorthaí agus is féidir leo a bheith díobhálach nó tairbhiúil. |
| Sciorradh talún | Is cur síos é sciorradh talún ar phróisis éagsúla ina mbíonn gluaiseacht síos agus amach d'ábhair atá faoi thionchar domhantarraingthe. |
| Maolú (ar athrú aeráide) | Gníomh daonna chun astaíochtaí a laghdú nó chun an laghdú ar astaíochtaí gás teasa cheaptha a fheabhsú. |
| Fuarlach báistí | Tarlaíonn sé nuair atá níos mó báistí ann agus nach bhfuil an córas draenála in ann ionsúiteach a dhéanamh uirthi. |
| Conairí Tiúchana Ionadaíocha (RCPanna ) | Suímh ina mbíonn sraith ama astaíochtaí agus líon iomlán na n-astaíochtaí gás teasa cheaptha (GHGanna) agus aerasóil agus gáis ghníomhacha ó thaobh na ceimice de, mar aon le húsáid talún/clúdach talún. |
| Riosca | An fhéidearthacht go mbeidh toradh díobhálach ar chórais dhaonna nó éiceachórais, ina n-aithnítear éagsúlacht na luachanna agus na n-aidhmeanna a bhaineann le córais dá leithéid. I gcomhthéacs athraithe aeráide, tagann rioscaí chun cinn ó na tionchair fhéideartha a bhaineann le hathrú aeráide chomh maith le freagraí an duine ina leith. I measc na dtorthaí díobhálacha tá beathaí, slí bheatha, sláinte agus saol maith, acmhainní eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha agus infheistiú, bonneagar, seirbhísí (seirbhísí éiceachórais ina measc), éiceachórais agus speicis. I gcomhthéacs na dtionchar athraithe aeráide, bíonn riosca ann de bharr an naisc idir ghuaiseacha a bhaineann le haeráid agus an neamhchosaint agus leochaileacht dhaonna agus éiceachórais. D'fhéadfadh guaiseacha, neamhchosaint agus leochaileacht a bheith ann ag brath ar an méid agus an dóchúlacht go dtarlóidh sé, agus tá seans go mbeidh athrú air seo ag brath ar athruithe socheacnamaíocha agus cinntí an duine. |

**Gluais**

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Stoirm Ghaoithe Dhian | Is ionann stoirm ghaoithe agus gaoth atá in ann dochar éadrom ar a laghad a dhéanamh ar chrainn agus fhoirgnimh, agus bíonn sé os cionn 55 km/h de ghnáth agus tá seans go mbeidh báisteach ann ag an am céanna. |
| Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe | Na 17 Cuspóir Domhanda le haghaidh forbartha do gach tír a bhunaigh na Náisiúin Aontaithe trí phróiseas rannpháirtíochta agus a cuireadh leo mar chuid de Chlár le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe 2030, agus ina measc tá, deireadh a chur le bochtaineacht agus ocras; sláinte agus saol maith a chinntiú; oideachas, cothromas inscne, uisce glan agus fuinneamh, agus obair shásúil, bonneagar atá athléimneach agus inbhuanaithe a thógáil agus a chinntiú, cathracha agus ídiú; éagothroime a laghdú; talamh agus éiceachórais uisce a chosaint; síocháin, cóir agus páirtnéireachtaí a chur chun cinn; agus tabhairt faoi ghníomh práinneach i dtaca le hathrú aeráide. |
| Leochaileacht | An claonadh agus an dúchas i dtreo dhrochthionchair. Baineann an leochaileacht le meascán de choincheapa agus ábhair lena n-áirítear íogaireacht nó soghabháltacht i leith dochair agus easpa cumais le bheith in ann aige agus oirniú. |

## Figiúr, Tábla agus Liostú Cairte


| Figiúr Uimhir | Sonraí Figiúir |
|---|---|
| Figiúr 1 | Spriocanna Phlean Gníomhaíochta Aeráide CCM |
| Figiúr 2 | Réimsí Téamacha. |
| Figiúr 3 | Bearta Maolaithe agus Oiriúnaithe Gníomhú Aeráide. |
| Figiúr 4 | Comhthairbhe Gníomhú Aeráide. |
| Figiúr 5 | Nasc Chuspóirí Forbartha Inbhuanaithe le hAthrú Aeráide. |
| Figiúr 6 | Réimse tionchair CCM maidir le gníomhú ar son na haeráide. |
| Figiúr 7 | Ról Aeráide CCM. |
| Figiúr 8 | Téamaí Chiste Aeráide Pobail. |
| Figiúr 9 | Oileán na hÉireann 1900-2022 Teocht (°C) Aimhrialtacht (difear ó 1961-1990) – (Foinse: Met Éireann). |
| Figiúr 10 | Reachtaíocht agus Comhthéacs Beartais le haghaidh PGA. |
| Figiúr 11 | Léaráid ar theagmhais aimsire crua i gContae na Mí (1986 – 2022). |
| Figiúr 12 | Spriocanna agus cuspóirí. |
| Figiúr 13 | Léarscáil Chontae na Mí ina léirítear na naoi DZanna. |
| Figiúr 14 | Ról CCM i dtaca le haeráid sa DZ. |
| Figiúr 15 | Fís agus Aidhmeanna DZ. |
| Figiúr 16 | Crios Dícharbónú na hUaimhe. |
| Figiúr 17 | Crios Dícharbónú Chill Dhéagláin. |
| Figiúr 18 | Crios Dícharbónú Bhaile Átha Troim. |
| Figiúr 19 | Crios Dícharbónú An Inse – Baile an Bhiataigh. |
| Figiúr 20 | Crios Dícharbónú Cheanannas Mór. |
| Figiúr 21 | Crios Dícharbónú Dún Búinne. |
| Figiúr 22 | Crios Dícharbónú Ráth Tó. |
| Figiúr 23 | Crios Dícharbónú Dún Seachlainn. |
| Figiúr 24 | Crios Dícharbónú Damhliag. |
| **Tábla Uimhir** | **Sonraí Tábla** |
| Tábla 1 | Prionsabail threoracha. |
| Tábla 2 | Ról Aeráide CCM. |
| Tábla 3 | Príomhpháirtithe leasmhara. |
| Tábla 4 | Achoimre: Cuireann Tábla 4 síos ar na hathruithe atá tuartha i dtaca le riosca guaise aeráide i gContae na Mí |
| Tábla 5 | Foinse Astaíochtaí CCM. |
| Tábla 6 | Astaíochtaí i ngach earnáil agus céatadán d'astaíochtaí iomlán do gach catagóir astaíochta do Chontae na Mí mar aon leis an chéatadán astaíochtaí do gach earnáil ag an leibhéal náisiúnta. |
| Tábla 7 | kt $CO_2$eq i ngach Crios Dícharbónú i gContae na Mí maidir leis na hearnálacha - cónaitheach, déantúsaíocht agus tráchtáil, iompar agus dramhaíl in aghaidh an chéatadáin de na hastaíochtaí sa chontae ar fad. |
| Tábla 8 | Astaíochtaí reatha i gContae na Mí v Laghdú Astaíochtaí na Spriocanna Earnála Náisiúnta. |

| | |
|---|---|
| Tábla 9 | Astaíochtaí de réir Crios Dícharbónú (kt $CO_2$eq) agus earnáil (tráchtáil, iompar, cónaitheach, dramhaíl) |
| Tábla 10 | Sonraí daonra do DZ na hUaimhe. |
| Tábla 11 | Sonraí tithíochta do DZ na hUaimhe. |
| Tábla 12 | Foinsí fuinnimh tí do DZ na hUaimhe. |
| Tábla 13 | Sonraí comaitéireachta do DZ na hUaimhe. |
| Tábla 14 | Sonraí dramhaíola bia do DZ na hUaimhe. |
| Tábla 15 | Sonraí obair ó chian do DZ na hUaimhe. |
| Tábla 16 | Cineálacha gnó in DZ na hUaimhe. |
| Tábla 17 | Astaíochtaí i ngach earnáil ábhair agus an % de na hastaíochtaí sa chontae ar fad atá ceangailte le DZ na hUaimhe. |
| Tábla 18 | Clár na nDeiseanna don Uaimh. |
| Tábla 19 | Sonraí daonra do DZ Chill Dhéagláin. |
| Tábla 20 | Sonraí tithíochta do DZ Chill Dhéagláin. |
| Tábla 21 | Foinsí fuinnimh tí do DZ Chill Dhéagláin. |
| Tábla 22 | Sonraí comaitéireachta do DZ Chill Dhéagláin. |
| Tábla 23 | Sonraí dramhaíola bia do DZ Chill Dhéagláin. |
| Tábla 24 | Sonraí obair ó chian do DZ Chill Dhéagláin. |
| Tábla 25 | Cineálacha gnó in DZ Chill Dhéagláin. |
| Tábla 26 | Astaíochtaí i ngach earnáil ábhair agus an % de na hastaíochtaí sa chontae ar fad atá ceangailte le DZ Chill Dhéagláin. |
| Tábla 27 | Clár na nDeiseanna do Chill Dhéagláin. |
| Tábla 28 | Sonraí daonra do DZ Bhaile Átha Troim. |
| Tábla 29 | Sonraí tithíochta do DZ Bhaile Átha Troim. |
| Tábla 30 | Foinsí fuinnimh tí do DZ Bhaile Átha Troim. |
| Tábla 31 | Sonraí comaitéireachta do DZ Bhaile Átha Troim. |
| Tábla 32 | Sonraí dramhaíola bia do DZ Bhaile Átha Troim. |
| Tábla 33 | Sonraí obair ó chian do DZ Bhaile Átha Troim. |
| Tábla 34 | Cineálacha gnó in DZ Bhaile Átha Troim. |
| Tábla 35 | Astaíochtaí i ngach earnáil ábhair agus an % de na hastaíochtaí sa chontae ar fad atá ceangailte le DZ Bhaile Átha Troim. |
| Tábla 36 | Clár na nDeiseanna do Bhaile Átha Troim. |
| Tábla 37 | Sonraí daonra 2022 do DZ An Inse – Baile an Bhiataigh. |
| Tábla 38 | Sonraí tithíochta do DZ An Inse – Baile an Bhiataigh. |
| Tábla 39 | Foinsí fuinnimh tí do DZ An Inse-Baile an Bhiataigh. |
| Tábla 40 | Sonraí comaitéireachta do DZ An Inse-Baile an Bhiataigh. |
| Tábla 41 | Sonraí dramhaíola bia do DZ An Inse-Baile an Bhiataigh. |
| Tábla 42 | Sonraí obair ó chian do DZ An Inse-Baile an Bhiataigh. |
| Tábla 43 | Cineálacha gnó in DZ An Inse-Baile an Bhiataigh. |
| Tábla 44 | Astaíochtaí i ngach earnáil ábhair agus an % de na hastaíochtaí sa chontae ar fad atá ceangailte le DZ An Inse-Baile an Bhiataigh. |
| Tábla 45 | Clár na nDeiseanna do DZ An Inse-Baile an Bhiataigh |
| Tábla 46 | Sonraí daonra do DZ Cheanannas Mór. |

| | |
|---|---|
| Tábla 47 | Sonraí tithíochta do DZ Cheanannas Mór. |
| Tábla 48 | Foinsí fuinnimh tí do DZ Cheanannas Mór. |
| Tábla 49 | Sonraí comaitéireachta do Cheanannas Mór. |
| Tábla 50 | Sonraí dramhaíola bia do DZ Cheanannas Mór. |
| Tábla 51 | Sonraí obair ó chian do DZ Cheanannas Mór. |
| Tábla 52 | Cineálacha gnó do DZ Cheanannas Mór. |
| Tábla 53 | Astaíochtaí i ngach earnáil ábhair agus an % de na hastaíochtaí sa chontae ar fad atá ceangailte le DZ Cheanannas Mór. |
| Tábla 54 | Clár na nDeiseanna do DZ Cheanannas Mór. |
| Tábla 55 | Sonraí daonra do DZ Dún Búinne. |
| Tábla 56 | Sonraí tithíochta do DZ Dún Búinne. |
| Tábla 57 | Foinsí fuinnimh tí do DZ Dún Búinne . |
| Tábla 58 | Sonraí comaitéireachta do DZ Dún Búinne. |
| Tábla 59 | Sonraí dramhaíola bia do DZ Dún Búinne. |
| Tábla 60 | Sonraí obair ó chian do DZ Dún Búinne. |
| Tábla 61 | Cineálacha gnó in DZ Dún Búinne. |
| Tábla 62 | Astaíochtaí i ngach earnáil ábhair agus an % de na hastaíochtaí sa chontae ar fad atá ceangailte le DZ Dún Búinne. |
| Tábla 63 | Clár na nDeiseanna do DZ Dún Búinne. |
| Tábla 64 | Sonraí daonra do DZ Ráth Tó. |
| Tábla 65 | Sonraí tithíochta do DZ Ráth Tó. |
| Tábla 66 | Foinsí fuinnimh tí do DZ Ráth Tó. |
| Tábla 67 | Sonraí comaitéireachta do DZ Ráth Tó. |
| Tábla 68 | Sonraí dramhaíola bia do DZ Ráth Tó. |
| Tábla 69 | Sonraí obair ó chian do DZ Ráth Tó. |
| Tábla 70 | Cineálacha gnó in DZ Ráth Tó. |
| Tábla 71 | Astaíochtaí i ngach earnáil ábhair agus an % de na hastaíochtaí sa chontae ar fad atá ceangailte le DZ Ráth Tó. |
| Tábla 72 | Clár na nDeiseanna do DZ Ráth Tó. |
| Tábla 73 | Sonraí daonra do DZ Dún Seachlainn. |
| Tábla 74 | Sonraí tithíochta do DZ Dún Seachlainn. |
| Tábla 75 | Foinsí fuinnimh tí do DZ Dún Seachlainn. |
| Tábla 76 | Sonraí comaitéireachta do DZ Dún Seachlainn. |
| Tábla 77 | Sonraí dramhaíola bia do DZ Dún Seachlainn. |
| Tábla 78 | Sonraí obair ó chian do DZ Dún Seachlainn. |
| Tábla 79 | Cineálacha gnó in DZ Dún Seachlainn. |
| Tábla 80 | Astaíochtaí i ngach earnáil ábhair agus an % de na hastaíochtaí sa chontae ar fad atá ceangailte le DZ Dún Seachlainn. |
| Tábla 81 | Clár na nDeiseanna do DZ Dún Seachlainn. |

| | |
|---|---|
| Tábla 82 | Sonraí daonra do DZ Damhliag. |
| Tábla 83 | Sonraí tithíochta do DZ Damhliag. |
| Tábla 84 | Foinsí fuinnimh tí do DZ Damhliag. |
| Tábla 85 | Sonraí comaitéireachta do DZ Damhliag. |
| Tábla 86 | Sonraí dramhaíola bia do DZ Damhliag. |
| Tábla 87 | Sonraí obair ó chian do DZ Damhliag. |
| Tábla 88 | Cineálacha gnó in DZ Damhliag. |
| Tábla 89 | Astaíochtaí i ngach earnáil ábhair agus an % de na hastaíochtaí sa chontae ar fad atá ceangailte le DZ Damhliag. |
| Tábla 90 | Clár na nDeiseanna do DZ Damhliag. |
| Tábla 91 | Gníomhú ar son na hAeráide CCM agus an caidreamh idir Fhís, Mhisean, Réimsí Téamacha, Chuspóirí Straitéiseacha, Spriocanna agus Ghníomhartha. |
| Tábla 92 | Gníomhaíochtaí le haghaidh Cuspóir Straitéiseach 1 – Rialachas agus Ceannaireacht. |
| Tábla 93 | Gníomhaíochtaí le haghaidh Cuspóir Straitéiseach 2: Timpeallacht Thógtha agus Iompair. |
| Tábla 94 | Gníomhaíochtaí le haghaidh Cuspóir Straitéiseach 3 – An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas. |
| Tábla 95 | Gníomhaíochtaí le haghaidh Cuspóir Straitéiseach 4 – Pobail: Teacht aniar agus Aistriú. |
| Tábla 96 | Tábla 96<br>Gníomhaíochtaí le haghaidh Cuspóir Straitéiseach 5 – Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní. |

| Cairt Uimhir | Sonraí Cairte |
|---|---|
| Cairt 1 | Maitrís Riosca ina léirítear na hathruithe amach anseo de na guaiseacha atá aitheanta i gContae na Mí. |
| Cairt 2 | Tá briseadh síos ar fhoinse na n-astaíochtaí do CCM á léiriú i gCairt 2 agus á shonrú i dTábla 5. |
| Cairt 3 | Astaíochtaí i ngach earnáil i gContae na Mí de réir Tábla 6. |
| Cairt 4 | Astaíochtaí kt $CO_2$eq i ngach Crios Dícharbónú i gContae na Mí de réir Tábla 7. |
| Cairt 5 | Astaíochtaí reatha i gContae na Mí v Laghdú Astaíochtaí na Spriocanna Earnála Náisiúnta. |

**Acmhainní agus Tagairtí**

**https://www.climateireland.ie/#!/**

DCCAE. "Local Authority Adaptation Strategy Development Guidelines," 2018.

Desmond, Margaret. "National Preparedness to Adapt to Climate Change: Analysis of State of Play,"

2018. **http://www.epa.ie/pubs/reports/research/climate/Research_Report_256.pdf.**

Edinburgh Adapts Steering Group. "Edinburgh Adapts: Climate Change Adaptation Action Plan 2016- 2020," 2016.

European Commission. "Technical Guidance on the Climate Proofing of Infrastructure in the Period 2021-2027," 2021.

Flood, Stephen, Shona Paterson, Ellen O Connor, Barry O Dwyer, Hester Whyte, Martin Le Tissier, and Jeremy Gault. National Risk Assessment of Impacts of Climate Change: Bridging the Gap to Adaptation Action. Report 346. EPA Research, 2020.

IPCC, 2023: Annex I: Glossary [Reisinger, A., D. Cammarano, A. Fischlin, J.S. Fuglestvedt, G. Hansen, Y. Jung, C. Ludden, V. Masson-Delmotte, R. Matthews, J.B.K Mintenbeck, D.J. Orendain, A. Pirani, E. Poloczanska, and J. Romero (eds.)]. In: Climate Change 2023: Synthesis Report. Contribution of Working Groups I, II and III to the Sixth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change [Core Writing Team, H. Lee and J. Romero (eds.)]. IPCC, Geneva, Switzerland, pp. 119-130, doi:10.59327/IPCC/AR6-9789291691647.002

IPCC. Climate Change 2014: Impacts, Adaptation, and Vulnerability. Part A: Global and Sectoral Aspects. Contribution of Working Group II to the Fifth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change. Edited by C.B. Field, V.R. Barros, D.J. Dokken, K.J. Mach, M.D. Mastrandrea, T.E. Bilir, M. Chatterjee, et al. Climate Change 2014: Impacts, Adaptation, and Vulnerability. Part A: Global and Sectoral Aspects. Contribution of Working Group II to the Fifth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change. Cambridge University Press, Cambridge, United Kingdom and New York, NY, USA,

IPPC. "Summary for Policymakers." In Climate Change 2021: The Physical Science Basis. Contribution of Working Group I to the Sixth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change, edited by V. Masson-Delmotte, P. Zhai, A. Pirani, S. L. Connors, C. Péan, S. Berger, N. Caud, et al. Cambridge University Press, Cambridge, 2021. https://www.ipcc.ch/report/ar6/wg1/.

ISO "Adaptation to Climate Change" - Guidelines on Vulnerability, Impacts and Risk Assessment (14091)." Vol. ISO 14091: 2021.

Nolan, Authors Paul, and Jason Flanagan. High-Resolution Climate Projections for Ireland – A Multi Model Ensemble Approach. EPA Research, 2020.

**https://www.epa.ie/pubs/reports/research/climate/researchreport339/Research_Report_339_Part1.pdf**

comhairle chontae na mí
*meath county council*

## Coimeád ar an eolas

Is féidir leat a bheith ar an eolas i dtaca le PGA de chuid CCM agus na tionscnaimh trí:

Climate Action | Meath.ie

X - MeathClimate

FaceBook- Meath County Council

Instagram- Meathcoco


Climate Action Section
Meath County Council
Navan
County Meath
Tel: 0469097000
Email: climateationmcc@meathcoco.ie